Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2006

DUBLIN PORT Co

Clár

Buaicphointí Airgeadais	1
Stiúrthóirí agus Bainistíocht	2
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Athbhreithniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh	8
Freagracht Shóisialta Chorpardáideach	14
Tuairisc na Stiúrthóirí	16
Ráitis faoi Fhreaghtaí na Stiúrthóirí	20
Tuarascáil an Iniúchora Neamhspleách	22
Polasaithe Cuntasaíochta	24
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	26
Ráiteas ar Ghnóthachan agus Caillteanais Iomlána Aitheanta	27
Clár Comhardaithe	28
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	29
Notaí maidir leis na Ráitis Airgeadais	30
Staitisticí an Chalafoirt	45

10 mbliana d'fhás

Trádáil RoRo Chalafort Bhaile Átha Cliath (Aonaid Lastais '000)



Trádáil LoLo Chalafort Bhaile Átha Cliath (TEUanna '000)



Trácht Paisnéirí Chalafort Bhaile Átha Cliath (Líon na bPaisinéirí '000)



Is é ar misean ná saoráidí agus seirbhísí den scoth a churr ar fáil d'úsáideoirí an chalafoirt ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costas de. I gcomhpháirtíocht le foireann oibre atá ardoilte agus ardspreagúil oibreoimid ar bhealach atá íogair don phobal áitiúil agus a chothaíonn an comhshaol. Tacóidh sé sin le fás náisiúnta/réigiúnach, agus ginfidh sé fáltais dár scairshealbhóir.







Buaicphointí Airgeadais

Láimhdeachas (€'000)



Brabús Oibrithe (€'000)



Brábus ar ghnáth-ímeachtaí roimh ús agus cáin (€'000)



Brábus Coinnithe (€'000)



	Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2006 €'000	Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2005 €'000
Cuntas Brabúis Agus Caillteanais		
Láimhdeachas	66,423	61,535
Brabús Oibrithe	25,592	18,817
Brabús ar ghnáth-imeachtaí roimh ús agus Cáin	36,543	20,342
Brabús don Bhliain Airgeadais a Coimeádadh	28,653	12,459
Clár Comhardaithe		
Sócmhainn iomlána lúide Dliteanais Reatha	219,775	211,324
Cistí Scairshealbhóirí	73,462	66,191
Easnamh Pinsin	76,889	72,731
Infheistíocht Chaipitil		
Breisiúcháin ar Shócmhainní Seasta	14,878	14,052

Eolas Eile

Rúnaí agus Oifig Chláraithe
M Sheary
Ionad an Phoirt
Bóthar Alexandra
Baile Átha Cliath 1

Uimhir Chláraithe: 262367

Príomh-Bhaincéirí
Banc AIB
Banc na hÉireann
Banc IIB

Aturnaetha
Arthur Cox
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

Iniúchóirí
PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus
Iniúchóirí Cláraithe
Cé Sheoirse
Baile Átha Cliath 2

Achtúirí
Comhairliú Acmhainní Daonna Mercer
Teach Charlotte
Sráid Charlemount
Baile Átha Cliath 2

Stiúrthóirí agus Bainistíocht

Bord na Stiúrthóirí

1. Joe Burke, **Cathaoirleach**
2. Enda Connellan, **Príomh-Fheidhmeannach**
3. Paddy Bourke
4. Cathy Bryce
5. Brenda Daly
6. Tony Ennis
7. Kevin Humpreys
8. Tom Hussey
9. Brian W Kerr
10. Jerry Kiersey
11. Seamus Martin
12. Tom Stafford

1

2

3

4

5

6

7

8

9

10

11

12

Michael Sheary
Rúnaí na Cuideachta /
Príomh-Oifigeach Airgeadais

An Fhoireann Bhainistíochta

Príomh-Fheidhmeannach	E Connellan
Rúnaí na Cuideachta/	
Príomh-Oifigeach Airgeadais	M Sheary
Ceann na nOibriúchán	S McLoughlin
Bainisteoir Acmhainní Daonna	K Whelan
Máistir an Phoirt	D Dignam
Bainisteoir Cothabhála agus Seirbhísí	C Callan
Bainisteoir IT	C Farrell
Bainisteoir Airgeadais	J Hiney

DUL CHUN CINN

Ráiteas an Chathaoirligh

Joe Burke
Cathaoirleach

Tá áthas orm a thuairisciú go mba bhliain iontach í 2006 do Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath. Tháinig méadú ar an dtréchur ó 8.7% go dtí díreach faoin 29.3m tonna. Bhí an fás san earnáil aonadaithe go mór-mhór bríomhar agus méadaíodh ar líon na n-aonad RoRo a láimhseáladh ó 10% go 693,000 aonad, agus tháinig méadú ar líon na n-aonad fiche troigh LoLo (TEU's) ó 15% go 681,000 TEU's.

Ráiteas an Chathaoirligh
ar lean

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí as gnó leanúnach agus a dtiomanta leanúnach, atá léirithe trína n-ard-infheistíocht i bPort Bhaile Átha Cliath



Seo an deichiú tuarascáil bhliaintiúil a chuir an Chuideachta i gcóir ó deineadh corparú air i mí Mhárta 1997. Roimhe sin bhí Bord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú i dtimpeallacht a bhí lán de chleachtais teoranta agus a bhí as dáta chomh maith. Cé go raibh stailceanna agus fadhbanna a bhain leo lárnach sa chlár oibre bhí sé deacair leasaithe a thabhairt isteach agus feidhmiú de réir fhórsaí an mhargaidh. Sa lá atá inniu ann tá Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath athraithe go mór. Anois is í an stráitéis ghnó atá ag an gCuideachta ná seirbhís den scoth a thabhairt dá cuid custaiméirí agus gur seirbhís é a bheadh níos fearr ná aon seirbhís dá sórt san Eoraip a bheadh ag brath ar Chalafort nach mbeadh ró mhór nó ró bheag. Á chur seo san áireamh deineann Chuideachta Phort Átha Cliath a sheacht ndícheall lena cuid iomaíochta a fheabhsú, réamheolas a bheith aici faoi riachtanais na gcustaiméirí roimh ré agus dá réir sin freastal orthu agus an rud is tábhachtaí ar fad ná freastal ar riachtanais na tíre, a bhfuil fás ag teacht ar a cuid geilleagair.

Maidir le cúrsaí turasóireachta de tháinig fás níos fearr air i mbliana ná aon bhliain eile maidir le fás i dtionscal na línéar cúrsála. Chuir Calafort Bhaile Átha Cliath fáilte roimh seachtó is a cúig long cúrsála, a thug 60,000 paisinéirí saibhre go dtí Cathair Bhaile Átha Cliath. Téann an gnó seo chun leasa na Cathrach go mór ag tabhairt isteach idir €35m agus €50m don gheilleagar áitiúil mar gheall ar chaitheamh díreach agus neamh-dhíreach. Tá Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath tar éis an-chuid oibre a dhéanamh leis an tionscal seo a fhorbairt do Bhaile Átha Cliath.

Toisc go bhfuil fás an-mhór ag teacht ar an tionscal seo go hidirnáisiúnta, tá deis iontach ag Cathair Bhaile Átha Cliath tionscal na long cúrsála a fheisceáil ag fás níos mó má tá na scairshealbhóirí sásta páirt a ghlacadh san fhorbairt.

Cé gur tháinig fás laidir ar thionscal na long cúrsála is é a mhalairt a tharla i gcás na long farrantóireachta le blianta beaga anuas. Tá sé seo ag tarlú go príomha de bharr aerlínte ar chostas íseal. Cúitíonn éileamh níos mó ar sheirbhísí iompair do seo agus táthar ag súil go dtiocfaidh tuilleadh fáis ar an margadh le linn 2007. Fuarthas fianaise an fháis seo nuair a thug Cuideachta Farantóireachta Celtic Link seirbhís nua iompair isteach i mí na Bealtaine 2006. Chomh maith leis sin thug Líne Stena agus P&O seoltaí breise isteach ar bhealach an Central Corridor.

Forbairt an-thábhachtach do Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath agus ar ndóigh don Chathair go léir ba ea oscailt Tolláin an Chalafoirt i mí na Nollag 2006. Cuireann Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath fáilte an-mhór roimh oscailt Tolláin an Chalafoirt a chuireann go mór le hinfrastructúr iompair na Cathrach. Lena chinntiú go dtairbheoidh custaiméirí an Chalafoirt go hiomlán den Tollán d'infheistíomar an-chuid i bhfeabhsú Bhóthar an Phromanáid i dtreo is go mbeadh ceangal díreach idir an Calafort agus an Tollán agus dheineamar comhoibriú an-mhór le hinnealtóirí Comhairle Baile Átha Cliath chun athfhorbairt a dhéanamh ar infrastruchtúr an tseanbhóthair.

INFHEISTÍOCHT CHATHAOIRLEACH

Cé go dtógfaidh Tollán an Chalafoirt an-chuid trucanna amach as Lár na Cathrach, ag laghdú an bhrú tráchta dá réir ar na bóithre atá tachtaithe ag líon mór na gcarranna, tá díomá orainn gur cuireadh stráitéis Bhainistíochta HGV glactha ag Comhairle Cathrach Átha Cliath chucu féin, i bhfeidhm i gcéim amháin singil cé gur dhá chéim a moladh i dtosach báire. Creidimid go láidir gurb é an toradh a bheidh ar seo ná costais iompair níos airde don earnáil phoiblí agus ar deireadh don chustaiméir. Gan bealach malairte isteach go dtí an Calafort Deisceartach agus críochnú uasghradaithe an M50 d'iarr Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath ar Chomhairle Cathrach Átha Cliath an Bealach isteach go dtí an Calafort Deisceartach a athoscail d'fhonn an drochthionchar ar iomaíochas a eascródh as a dhúnadh a chur ina cheart.

Is rud mór gur i 2006, tháinig Cuideachta Bhaile Átha Cliath in éineacht le poirt tráchtála eile, faoi shainchúram na Roinne Iompair, ag aistriú ó Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Táimid ag súil le leanúint de bheith ag obair leis an Roinn Iompair chun comhtháthú éifeachtach de na modhanna iompair uile a fhreastalaíonn ar an ngeilleagar a chinntiú.

Brathann rath leanúnach ár ngeilleagar onnmhaire-spreagtha go mór ar fhás láidir sa todhchaí i dtrádáil sheachtrach agus ar ár gcumas déileáil go héifeachtach le sreafaí trádála coigríche. Mar sin is ceist de thábhacht náisiúnta í go soláthraímid an toilleadh atá de dhíth ag Calafort Bhaile Átha Cliath, atá ag croílár an mhargaidh.

Mar réiteach gearrthéarmach tá Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath ag díriú ar a chinntiú go n-úsáidfear an talamh go héifeachtach go hiomlán. Ag cuimhneamh ar an bhfás is dóichí a bheidh ar an dtrácht sa todhchaí beidh i bhfad níos mó srianta ann go gearr-téarmach. Chun é seo a sheacaint tá réiteach indéanta ag Cuideachta Calafoirt Átha Cliath ar an bhfadhb. Is é an réiteach ná forbairt 21 heachtáir talaimh breise ag an teora Thoir-Thuaidh, go bhféadfadh an Chuideachta maoiniú iomlán a dhéanamh air.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí as gnó leanúnach agus a dtiomanta leanúnach, atá léirithe trína n-ard-infheistíocht i bPort Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom chomh maith buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le foireann Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath, go háirithe lenár bPríomh-Fheidhmeannach, Enda Connellan agus ba mhaith liom comhgairdeas a chur in iúl don fhoireann bhainistíochta mar gheall ar a bheith ar liosta tofa do na Gradaim Bhliantúla Um Fhoireann Bhainistíochta Comhairliúcháin P.A. Chomh maith leis sin gabhaim buíochas le mo chomhleacaithe ar Bhord na Stiúrthóirí as ucht bhur gcuid diograise agus sibh i mbun oibre.



J Burke
Cathaoirleach
29 Márta 2007

TÁS

EACNAMAÍOCH

Athbhreithniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh

Enda Connellan
Príomh-Fheidhmeannach

Obair curtha i gcrích go héifeachtach.
Bliain an-mhaith ba ea 2006 do Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath mar gheall ar fhás a bheith ag teacht ar thrádáil tríd an Phort. Chinntigh sé seo, chomh maith leis an gclár leanúnach infheistithe caipitil atá againn, agus go bhfuilimid dírithe ar chórais a thabhairt suas chun dáta a laghdaigh costais, go gcruthóimís go maith i rith na bliana ó thaobh cúrsaí airgid de.

CITY OF GLASGOW

Athbhreithniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh
ar lean

Tháinig an-chuid athraithe ar an scéal i Rith na deith bliana ó deineadh corparú ar gCuideachta i Márta 1997. Is é Port Bhaile Átha Cliath an port is fearr in Éirinn anois agus láimhseálann sé dhá thrian den trádáil a bhaineann le hárthaigh a théann tríd an tír agus 50% d'allmhairithe agus onnmhairithe na hÉireann. Ar aon dul le tréimhse rathúnais gheilleagar na hÉireann agus an stráiteis a ghlac an Chuideachta chun leibhéil trádála a fheabhsú ag an bPort chonaic Port Bhaile Átha Cliath fás suntasach ar raon imeachtaí ar fud an Phoirt thar tréimhse deich mbliana go mór-mhór san earnáil trádála sin a bhaineann le haonaid. Chun é seo a thuiscint i gceart ba é an méid trádála a bhí á láimhseáil ag Port Bhaile Átha Cliath 10 mbliana ó shin ná 15.2 milliún tonna. Sa lá inniu is é an port seo an port is mó agus is gnóthaí in Éirinn agus tá níos mó trádála á déanamh anois ná mar a bhí riamh viz. toirt 29.3 milliún tonna, dúbailt nach mór an toirt ó rinneadh an Cuideachta a chorparú.

Ba é earnáil na trádála a bhaineann le haonaid ba mhó a spreag fás na trádála in 2006. Is ionann seo agus trí cheathrú an iomláin tréchuir. Tháinig fás ar líon na n-aonad RoRo a láimhseáladh de 10% go 693,000 aonad agus tháinig méadú de 15% go 681,000 TEU's ar líon na n-aonad LoLo fiche troigh cóibhéiseach (TEU's).

D'infheistigh ár gcustaiméirí i bhfad níos mó in 2006. I rith an tsamhraidh chuir Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath fáilte roimh an MV Celtic Star, seirbhís nua farrantóireachta de chuid Chuideachta Farrantóireachta Celtic Link Ferries le héileamh ar an Muirchonair idir Baile Átha Cliath agus an Bhreatain Mhór a shásamh. Chomh maith leis seo chuir Stena Line agus P&O seoltaí breise ar bun ar an Muirchonair Lárnach.

Toisc go gceaptar go mbeidh fás ag teacht ar an dtrádáil bliain i ndiaidh bliana beidh fadhb an-mhór brú 'sna Calafoirt sa gheilleagar oscailte beag atá againn. Cinnte, mura bhfuil calafoirt na hÉireann éifeachtach go leor beidh fadhb le hiomaíocht náisiúnta. De réir mar a bheidh éifeacht na gcalafort ag titim beidh costas na farrantóireachta ag ardú. An toradh ar seo ná ardú praghasanna don úsáidire. Beidh tionchur nach mbeidh ró-mhaith ag srianta acmhainne ar infhaighteacht an-chuid earraí agus cuirfear bac ar infheistiú eachtrannach. Táimid ag síor-mholadh go méadófar an peiriméadar Thoir-Thuaidh de 21 heachtár a sholáthródh leabapacha breise uisce dhomhain do na longa agus buan seasmhacht le héilimh bhreise a shásamh. Mar a chéile le Polasaí an Rialtais Um Chalafoirt deanfaidh Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath maoiniú iomlán ar an bhforbairt seo gan a bheith ag brath ar an Státchiste.

Tá níos mó trádála á déanamh anois ná mar a bhí riamh viz. toirt 29.3 milliún tonna

Trádáil RoRo Chalafort Baile tha Cliath (Aonaid Lastais '000)



RO RO

Forbairtí Eile
Chuir Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath fáilte roimh an Bille Um Pleanáil agus Forbairt (Infrastructúr Stráitéiseach) in 2006. Tá súil againn go gcuirfidh Bille seo barr feabhais ar an bpróiséas pleanála d'fhorbairtí idir lámha a bhfuil tabhacht stráitéiseach ag baint leo don stát. Cuireann an Cuideachta fáilte roimh rún an Aire Dlí agus Cirt an Reachtaíocht Um Thiarna Talún agus Tionánta a leasú. Cuirfidh sé seo ar chumas tíonóntaí rialacha athnuachain a shárú áit a mbeidh léasanna i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos mó ná cúig bliana, ar an gcoinníoll go bhfuil an tionónta tar éis go leor comhairle dlí a fháil. Rachaidh an leasú go mór chun tairbhe na gcalafort agus dá gcuid custaiméirí agus tabharfaidh sé solúbacht i bhfad níos mó in úsáid socmhainní talaimh.

In 2006 d'aontaigh an Cuideachta le South Wharf plc/IGB suíomh 25 acra a cheannach le chéile. Bhí an talamh céanna ligthe amach ar léas do IGB ag an Rinn (Ringsend) cheana. Cuireadh an margadh i gcrích in Eanáir 2007 agus beidh cuntas air i dtuairiscí airgeadais na bliana seo chugainn. Faigheann an Cuideachta €138m den iomlán.

Mar chuid den fhiontar a bhí i gcomhar ag Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath le Forbairtí Ardán Phort an Iarla (Earlsfort) an dara chuid de Páirc Ghnó Bóthar an Phoirt Thoir a fhorbairt fuair an Cuideachta dáileadh breise den bhrabús in 2006. Ba é an méid a fuair siad ná €10.6 milliún. Tá dhá bhloc breise P8 agus P9 sa Pháirc Gno á dtógáil.

Athbhreithniú Airgeadais
Ba é luach an láimhdeachais ná €66.4m (2005: €61.5m), a léiríonn méadú de €4.9m (7.9%) ar 2005.

Tháinig laghdú ar Chostáis Iomlána Oibriúchán go €40.8m in 2006 ó €42.7m in 2005 mar gheall ar laghdú don chuid is mó i gcostais oibriúchán neamhghnácha ag baint le híocaíoctaí iomarcaíochta agus costais infrastructúir aonuaire.

Thit costaisí párolla (san áireamh i gcostais iomlán oibriúcháin) le €1.1m in 2006 go €13.1m. Is ionann sin agus laghdú 7.7% ar an mbliain roimhe sin. Toisc go mbímíd ag díriú go leanúnach ar chorais agus próisis a thabhairt suas chun dáta agus ar chleachtais nua oibre a chur i bhfeidhm féadfaimid a bheith cinnte gurb é seo an cúigiú bhliain as a chéile inar laghdaíodh costais párolla gan stad thar na cúig bliana seo ó 395 in 2001 go 192 ar 31 Nollaig, 2006. Ba é iomlán na n-íocaíoctaí iomarcaíochta ná €1.1m in 2006 (2005: €1.9m). Mar gheall ar seo agus ar dhaoine a bheith ag éirí as a gcuid oibre d'imigh 43 fhostaí ón eagraíocht.

Athbhreithniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh
ar lean

Mar gheall ar a bhfuil luaite thuas, tá Bille Párolla na Cuideachta laghdaithe le timpeall is 32% ó €19.2m in 2001 go €13.1m in 2006. Tairbhíonn an bunbhuiséad bunúsach den laghdú a bhíonn ar an bhfoireann agus mar sin is é meid an párolla anois na €12.7m in aghaidh na bliana.

Ba é an brabús glan in 2006 ná €28.7m i gcomparáid le €12.5m in 2005. Is é an méadú atá ag baint le brabúis oibrithe de nach mór €7m faoi ndear an méadaithe i mBrabús Glan. Ba é rud eile a chuaigh i gcion air ná dáileadh €10.6m a fuarthas toisc gur ghlac an Chuideachta páirt san fhiontar ag Páirc Ghnó An Phointe Thoir (Eastpoint).

Infheistiú Leanúnach
Le seirbhísí den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus le tacaíocht a thabhairt don infheistiú ard a rinne ár gcustaiméirí maidir le seirbhísí agus áiseanna, tá Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath tar éis infheistithe de níos mó ná €185m i bhforbairtí infrastructúir le deich mbliana anuas. Ba é iomlán an chapitil a infheistíodh in 2006 ná €14.9m agus bhí sé dírithe ar thionscadail thábhachtacha m.sh oibreacha Pábhála ag Teirminéal 3, feabhsú ar Bhóthar an Phromanáid, ráillí craenach agus fiondar ag Leaba 50 agus oibreacha forbartha ag Leaba 50A.

Tollán an Chalafoirt
Ceann de na forbairtí ba shuntasaí do Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath ná oscailt Tolláin an Chalafoirt.

Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bac ar thrucanna cúig fhearsaid idir an dá Chanáil idir 7a.m. agus 7p.m. gach lá. Laghdaigh sé seo go mór ar an maitheas a d'fhéadfadh an tollán a dhéanamh. Nuair a chuireamar aighneacht fhoirmeálta isteach go Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dúraíomar go raibh lochtanna bunúsacha ar a stráitéis HGV agus nár cheart é a chur i bhfeidhm go dtí go ndeanfaí staidéar measúnachta lániarmhartha, go gcríochnófaí feabhsú an M50, go naontófaí ar bealach oiriúnach isteach go dtí an Calafort ó dheas agus go roghnófaí bealaigh altéarnacha a d'úsáidfí nuair a bheadh Tollán Calafoirt Átha Cliath dúnta. Bhí díomá an-mhór orainn gur cuireadh an straitéis i bhfeidhm cé gur chuireamar ina coinne go mór. Is deacair a shamhlú go laghdódh an stráitéis seo ar bhrú tráchta taobh istigh den Chathair go mór-mhór nuair atá forbairt á dhéanamh ar 4 mhilliún troigh cearnach de spás miondíola taobh istigh de Bhealach an M50.

Caithfear thar aon rud eile an Bealach Isteach sa Chalafort ó Dheas a athoscailt mar an toradh a bhí ar a dhúnadh ná neamhinniúlacht agus costais breise iompair agus laghdú iomaíochta dá réir nach dtairbhíonn do Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath ná don gheilleagar ina iomláine.

Ba é luach an láimhdeachais ná €66.4m, a léiríonn méadú de €4.9m (7.9%) ar 2005.

Trádáil LoLo Chalafort Baile Átha Cliath (TEUanna '000)



LOCHET

Ciste Pinsin
Lean Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath orthu le dul chun cinn iontach maidir le laghdú an easnaimh i gciste an phinsin a bhí ag baint leis an gCuideachta ó rinneadh é a chorparú. Mar gheall ar cé chomh dírithe is a bhí an Chuideachta an fhadhb a réiteach tá sócmhainní an chiste tar éis méadú ó €157m in 2006 ó €10m in 1997.

Tháinig méadú ó €138m go €157m i sócmhainní an chiste sa tréimhse atá á hathbhreithniú. Tomhastar an ciste de réir Chaighdeáin Um Íosmhaoiniú molta faoi Acht na bPinsean 1990 agus tháinig laghdú ar an easnamh a bhain leis an gciste ó €21.6m go €7m agus dá thoradh sin tá an coibhneas maoinithe idir sócmhainní agus féichiúnais méadaithe go 96% ó 86% sa bhliain roimhe sin. Tá an Chuideachta réidh le riachtanais an Chaighdeáin Um Íosmhaoiniú a chomhlíonadh "an dáta cuí" mar a dúirt an t-Aire.

Ionchas 2007
Tar éis dóibh bliain an-mhaith a bheith acu i dtéarmaí leibhéil fáis i dtréchur agus feidhmíocht airgeadais tá gach cuma ar an scéal go mbeidh an scéal amhlaidh in 2007 do Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith le cothrom lae a ndeichiú bliain ar an saol a cheiliúradh tá áthas ar an gCuideachta cothrom lae trí chéad bliain a chomóradh. Tá siad ag tabhairt seirbhíse don náisiún ar feadh trí chéad bliain ó bunaíodh coiste dlíthiúil i 1707 chun a bheith i bhfeighil Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath agus bainistíocht a dhéanamh air.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dár gcustaiméirí mar gheall ar a dtacaíocht leanúnach agus a gcuid infheistithe i gCuideachta Phort Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom buíochas chomh maith a ghabháil lenár bhfoireann mar gheall ar an méid atá déanta acu don Chuideachta. Gabhaim buíochas freisin le Bord na Stiúrthóirí a bhfuil ról lárnach acu i gcúrsaí na Cuideachta sa mhéid is go gcinntíonn siad go bfásfaidh sí agus go mbeidh rath uirthi.

E Connellan
Príomh-Fheidhmeannach
29 Márta 2007

POBAL

Freagracht Shóisialta Chorpardáideach

Is ríthabhachtach do Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath a bheith ag gníomhú mar shaoránach chorparáideach i stiúradh a chuid gnó. Déanaimid ár ndícheall i gcónaí cúraim shóisialta agus imshaoil a chomhtháthú i ngach gné i bhfeidhmiú ár ngnó d'fhonn leas na bpobal áitiúil atá mórthimpeall orainn. Meabhríodh a leithéid sin dúinn nuair a bronnadh an duais "Good Neighbour", orainn mar chuid den Chambers Ireland Presidents Award, duais a raibh áthas orainn glachadh léi.

Bláthú na gCéad Bláth

I rith na bliana, lorg Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath cuidiú dearfa a dhéanamh don phobal trí infheistíocht i ndaoine agus cuidiú lena bhforbairt sóisialta agus eacnamaíochta. Ba é tionscadal sonrach corraithe a d'eascair ó 2006 ná Blathú na gCéad Bláth (100 Flowers to Bloom), tionscadal ealaíne pobail, maoinithe ag an DPC i gcomhpháirt le Fir Station Arts Studio. Bhí an tionscadal ag comóradh na gcéadta gné de speicis neamhdhúchasacha a tugadh go hÉirinn i lasta na loingeas a tháinig isteach go Calafort Bhaile Atha Cliath le céad bliain anuas.

D'oibrigh an t-ealaíontóir ó Learpholl, David Jacques, an buaiteoir in iomaíocht oscailte, le leanaí ó Bhunscoil Scoil Naomh Iósaf, An Bóthar Thoir, chun taispeántas ealaíne poiblí a sheoladh ina raibh céad bratach ollmhóra lámhdhaite agus broidnéireacht shíoda san áireamh.

D'oscail an Taoiseach, Parthalán ó hEachthairn, T.D. an tionscadal ealaíne phoiblí mar a raibh freastal ó tnúthairí óga ealaíona ó Bhunscoil Naomh Iósaf, tuismitheoirí agus múinteoirí. Sínte amach ar fhad Shráid Cé Tolka d'éirigh le healaín na leanaí bheith mar phointe teagmhála do mhuintir na háite agus lucht taistil eile ag gabháil tré Chalafort Bhaile Átha Cliath agus an ceantar máguaird.

Oideachas agus Oiliúint
Tionscadal fíorthábhachtach eile, atá ag fás ó bhliain go bliain is ea Clár Scoláireachta Pobail Chuideacht Phort Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh den chéad uair in 2001, is éard atá sa chlár Scoláireachta ná sparántacht oideachais a bhíonn oscailte do mhuintir na háite atá ag iarraidh a gcuid oideachais a fheabhsú.

Le sé bhliana anuas tá infheistíocht €160,000 curtha sa Chlár atá ag cuidiú le thart ar 150 duine sa cheantar chun bheith páirteach san oideachas leanúnach ag an dara agus an tríú leibhéal.

Ag cloí fós le hoideachas, d'aithin Ionad Oiliúna, Foghlama agus Forbartha Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath go raibh práinn le rannpháirtíocht i gclár oiliúna ag cuideachtaí ag bhí ag obair sa chalafort. Mar toradh air sin thosaigh an t-ionad oiliúna i gcomhphairt le FÁS, ar ghrinnstaidéar forleathan anailíse riachtanas chun measúnú a dheanamh ar riachtanais oiliúna fhostaithe Chuideachta Bhaile Átha Cliath agus fostaithe na gCuideachtaaí eile laistigh den chalafort. Leanfar ar sin in 2007 le bunú an chéid ghreasáin oiliúna iompair in Éirinn ag an DPC. Is í aidhm an ghreasán oiliúna ná raon scileanna a fhorbairt a bainteann le cúrsaí loingis agus lóistíochta in Éirinn. Go dtí seo tá suas le tríocha cuideacht agus 2,500 fostaí atá ag obair sa chalafort ag cur suime sa tionscnamh seo. Cuirfear breis is seachtó cúrsa ar fáil, lena n-áirítear pleanáil straitéiseach, acmhainní daonna, scileanna ríomhaire, scileanna i láimhseáil lasta guaiseacha agus scileanna bainistíochta.

Tionscnaimh Pobail Áitiúil
Tacaíonn Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath leis an tionscadal Freagairt Cheantar na Rinne ar Dhrugaí (RDRD), grúpa pobalbhunaithe atá ag gníomhú i gcoinne druganna. Ó bhunaíodh Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath deich mbliana ó shin cuireann sí tacaíocht ar fáil do phríomhthionscnaimh ar nós, Grúpa Tacaíochta Teaghlaigh, Dinnéar Bliantúil Bhronnadh na gCéim, agus Tuarascáil Bhliantúil an RDRD. I measc príomhthionscnamh eile, ar siúl ó 2006, áirítear urraíocht a thugaimíd do Chlann na nGael Fontenoy, Chlub Chumann Lúth-Chleas Gael, agus chlub rugbaí Chluain Tairbh, a bhíonn mar pointe teaghmhala don phobal.

Coiste Idirchaidrimh Phobail
Ar deireadh, tá mór-bhuíochas ag dul do Choiste Idirchaidrimh Phobail Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath as a n-iarracht a chinntíonn go mbíonn clár daingean pobail á fhorbairt agus a chur i gcrích bliain in aghaidh bliana. Bíonn ról lárnach fiorthábhachtach ag an gCoiste, déanta suas d'ionadaithe de mhuintir na háite agus Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath a chinntíonn go mbíonn deis ag an bpobal áitiúil a ndearcadh a roinnt leis an gCuideachta i dtreo is go dtacaíonn sé leo ar bhealach dearfach.



"An Mairnéalach" suite ag an Ionad úr um Oibríochtaí Calafoirt

Tuarisc na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí isteach a dTuarascáil Bhliaintúil maille le ráitisí airgeadais iniúchta na Cuideachta igcóir na bliana dar críoch 31 Nollaig 2006.

Stádas Dlíthiúil

Is cuideachta faoi dhliteanas teoranta Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath de réir an Achta Cuanta 1996. Ar 3 Márta 1997 tháinig an Cuideachta i gcomharba ar Bhord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath, iarchuideachta reachtúil a bhí freagrach as Port Bhaile Átha Cliath. Ar an data sin ghlac Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath feidhmeannas, maoin agus fiachais na réamh-eagraíocht, ar luacháil réitithe ag an am sin leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha. I gcomaoin na sócmhainní agus na ndliteanas, d'eisigh an Chuideachta scaireanna caipitiúla ar luach €7.648m don Aire Cumarsáide Mara agus Acmhainní Nádurtha.

Chuaigh an Chuideachta i mbun gnó mar údarás píolótaíochta ar Chuan Bhaile Átha Cliath le héifeacht ó 26 Iúil 1997.

Aistríodh freagracht na hEarnála um Chalafoirt Trádála ón Aire Cumarsáide Mara agus Acmhainní Nádurtha go dtí an tAire Iompair le héifeacht ó 1 Eanáir 2006.

Príomh-Ghníomhaíochtaí

Is éard is cuspóir ghnó Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath ná gluaiseacht earraí agus paisinéirí a éascú tríd an gcalafort agus eolas cuí a sholáthar dá réir.

Solathraíonn an Chuideachta bonneagar, áiseanna, seirbhísí agus ionaid pháirceála chun freastal ar riachtanais custaiméirí agus aistriú éifeachtach earraí agus paisinéirí idir módanna iompair agus mara.

Gintear ioncam as fiacha soithigh, fiacha earraí, cíos agus ar sheirbhísí tábhachtachta .i. tarraingt bád ar théad agus píolótaíocht .

Gnóthas Reatha

Tá na Stiurthóirí sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an gCuideachta chun leanúint leis an ngnó sa todhchaí réamhfheiceálach. Dá bharr sin, ullamhófar ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais reatha.

Leabhair Chuntais

Tá céimeanna curtha i gcrích ag na Stiúrthóirí chun go ndéanfaí an géilleadh cuí le dualgais na Cuideachta faoi S.202 d'Acht na gCuideachtaaí, 1990. maidir le leabhair chuí chuntais a choinneáil. Áirítear sna céimeanna seo úsáid a bhaint as chórais oibre agus imeachtaí cuí agus trí fhostaíocht phearsanra cuntasaíochta. Coimeádtar na leabhair chuntais ag oifig chláraithe na Cuideachta, Ionad an Phoirt, Sráid Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

Athbhreithniú Gnó

Tá mionsonraí a bhaineann le brabús don bhliain le figiúirí comparáideacha 2005 le fáil sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ar leathanach 26 agus sna nótaí gaolmhara.

D'fhás tréchur le 8.7% ó 26.9 milliún tonna in 2005 go 29.3 milliún tonna in 2006. Taispeánann an fás seo neart leanúnach ar gheilleagar na hÉireann le fás láidir san earnáil aonadaithe, ab ionann agus 78% den gnó í.

Ba é comhaireamh ar láimhdeachas díolacháin na bliana €66.4m, méadú 7.9% ar 2005 (2005: €61.5m). Ladhdaigh na Costais Iomlán Oibriúcháin go €40.8m in 2006 ó €42.7m in 2005, de bharr lagdhaithe ar nithe áirithe i Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin a bhain le híocaíocht iomarcaíochta agus costais infrastrúchtúir aonuaire. Mhéadaigh an Brabús Oibriúcháin go €25.6m in 2006 ó €18.8m in 2005 a chur le meadú Chorrlach Oibriúcháin na Cuideachta go 38% ó 31% in 2005. Mhéadaigh an bun-Bhrabús Oibriúcháin roimh Mhíreanna Eisceachtúla Oibriúcháin, go €26.7m in 2006 ó €22m an bhliain roimhe sin. Mhéadaigh an bhun-Chorrlach Brabúis go 40% ó 36% dá bharr.

Fuair an Chuideachta díbhinn eile ar luach €375,000 i rith na bliana ó infheistíocht in Renore Ltd., an Chuideachta Comhfhiontair bunaithe in 2002, chun grúpa Cuideachtaí Chalafort Ghrianphort a cheannach. Ba é sin an dara íocaíocht díbhinne €375,000 a fuarthas in 2005.

Coinníodh siar brabús €28.7m (2005:€12.5m) i gcóir na bliana airgeadais 2006. Taispeánann an figiúir seo dáileadh €10.6m ó chomhfhiontar na Cuideachta le Forbairtí Phort an Iarla. Taispeánann figiúirí do 2005 brabús €1.15m maidir le diúscairt socmhainní seasta.

Mhéadaigh an Cúlchiste Brabúis agus Caillteanais ó €12.2m ar 31 Nollaig 2005 go €140.9m ar 31 Nollaig 2006 agus meadaíodh iomlán ar Chiste Chothromais na Scairshealbhóirí ó €66.2m go €73.5m i rith an tréimhse chéanna.

Tá sprioc ag an gCuideachta tréchur 30.8 milliún tonna a bhaint amach do 2007. Baineadh amach tréchur 29.3 milliún tonna in 2006, 4.3% chun tosaigh ar sprioc deiridh 28.1 milliún tonna.

Cúrsaí Comhshaoil

Ar feadh na bliana léirigh Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath tiomantas den leibhéal is airde i réimse gníomhaíochta an chomhshaoil. Cuireadh fócas faoi leith i mbliana ar imeachtaí a bhain le bainistíocht dramhaíola, aisghabháil ola ó screamhuisce de thoradh ar thrualliú stairiúil agus cur i bhfeidhm an Chórais nua um Fhaisnéis Geografach a thugann deis stórais éifeachtach / aisghabhála ar doiciméadú tionscadail.

Leanann an Chuideachta de chuidiú suntasach a chur ar fáil do chosaint cháilíochta uisce i gCuan Bhaile Átha Cliath. Cuireadh tús le suirbhéanna chun measúnú ar an méid truaillithe a scaoiltear isteach i gcórais Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath ó shuímh éagsúla laistigh den estáit. Sa phróiseas aitheantais a tosaíodh i mbliana ar bhonn 'brainse', cinnteofar go mbeidh bunús leagtha síos chun díriú ar shuirbhé cainníochtúil ar thruailliú draenála a bheith níos cuimsithí agus níos fócasaithe in 2007.

Maidir le tionscnamh eile chun cáilíocht uisce a chosaint, bunaithe ar eolas faighte ó fhiosruithe ar shuímh réamhdhéanta agus ar staidéar trialach rathúil, rinne an Chuideachta infheistíocht i gcóras aisghabhála saor ó ábhar salach. Tá an córas seo curtha i dtoll a chéile chun ola a bhearradh ó screamhuisce thíos faoi thalamh agus tá sé ag obair anois faoi shuíomh Texaco. Meastar gur féidir an córas a úsáid ag a lán suíomh eile laistigh den eastát d'fhonn truailliú stairiúil a scrios de réir a chéile.

Tá cosaint agus feabhsú cháilíochta uisce mar phríomh-aidhm ag an gCuideachta de réir na Treorach um Chreatlach Uisce ón Aontas Eorpach, agus tá bealach réamhghníomhach ag an gCuideachta chun iad a chur i bhfeidhm. Leanfar le haithbhreithniú ar obair an chalafoirt, le hidirchaidreamh le húdaráis eile sa chalafort agus leis an Eastern River Basin District (EBRD). Tá doiciméad straitéiseach don Chalafort á ullmhú faoi láthair.

Tá sé de rún ag an gCuideachta leanúint de dhíriú ar ghnéithe comhshaoil oibriúchán sna blianta atá le teacht chun a cuid oibriúcháin a fheabhsú ar bhealach réamhghníomhach agus freagrach.

Cúrsaí a bhaineann le Fostaithe

Leanann an Chuideachta de smacht a choimeád ar fhoriomlán chostais párolla trí leibhéal phearsanra na fóirne a ísliú faoi bhun 200 i rith na bliana seo caite. Ag cloí leis an tiomantas chun clár cuimsitheach ar bhainistíocht athruithe a sholáthar, chuir an Chuideachta críoch le dhá chomhaontú ar leith le linn na bliana faoi athbhreithniú. Thug na comhaontuithe seo deis iontrála "d'fhoireann bhainistíochta inspreagtha" le tuarastail bhliantúlaithe á n-íoc d'fhoireann lena mbaineann. Sheachaid an deireadh a cuireadh le ragobair agus le liúntais agus an deireadh curtha le líniú teorann, breis cinnteachta faoi chostais bhuiséadaithe.

Príomh-Phriacail agus Príomh-Éiginnteachtaí

Tá fás 10% ar an méan tagtha ar thrádáil iomlán Chalafort Bhaile Átha Cliath le 10 mbliana anuas. An príomh-phriacal atá ag cur bac ar fhás leanúnach na Cuideachta chun chumas gluaiseacha earraí agus paisinéirí a éascú ná ganntanas féideartha de thoilleadh oibriúcháin. Maidir le seo do chuir an Chuideachta tús le phlean dá cuid féin chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas féideartha sin. Leagadh iarratas ós comhair an Aire i mí Mhárta 2002 agus táimid ag súil le cinneadh uaidh d'fhonn infheidhmiú an phlean i dtaobh na tairisceana chun peiriméadar Oir-Thuaiscirt an chalafoirt a leathnú.

Tuarisc na Stiúrthóirí
ar lean

Bainistíocht Riosca Airgeadais

Priacail Ráta Úis:
Ionas gur féidir nochtadh na Cuideachta do ghluaiseachtái ráta úis athfhabhrach a láimhseáil, tá polasaí curtha i bhfeidhm a choiméadann 60% (2005: 60%) dá fhiacha ag rátaí seasta úis. Leis an aidhm seo a bhaint amach tá comhaontuithe déanta ag an gCuideachta i gcóir babhtála / caidhpeanna ráta úis.

Priacail Leachtachta:
Coimeádann an Chuideachta meascán maoinithe fiacha gearrthéarmach agus meántearmach lena chinntiú go mbeidh fáil ar chiste le haghaidh infheistíochta caipitil. Déantar fuílleach comharduithe airgid a infheistiú ar bhonn gearrthéarmach.

Imeachtaí tar éis eisithe an Chláir Chomhardaithe
In Eanáir na bliana 2007 i gcomhpháirt le South Wharf plc cuireadh críoch le díolachán láithreán Ionad na mBuidéal Éireannach atá suite sa Rinn. Ba €138m an méid a rinneadh le Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath i ndiaidh an díolacháin agus táillí gairmiúla san áireamh agus cáin ghnóthachan caipitiúil (féach nóta 30 den ráiteas airgeadais).

Chomh maith leis sin bhí iasachtaí €3,462,182 ag an gCuideachta ó Chiste na nIasachtaí Áitiúla. Fuarthas na hiasachtaí sin ar ais ina n-iomlán in Eanáir 2007.

Forbairt sa Todhchaí
Tá súil ag an gCuideachta go mbeidh fás leanúnach tréchuir le linn na bliana 2007 agus foráil bhuséid do Chlár Infheistíochta Caipitil ar luach €50m d'fhonn láidriú agus cur le cumas an fháis sin. Clúdaíonn an Clár Infheistíochta Chaipitil iad seo leanas:

- Pábháil Ché Alexandra Thoir;
- Carr-Chlós Ilstórach;
- Forbairt Miondíola;
- Leathnú Bóthair Banna;
- Forbairt Chríochfoirt Uimh. 4;
- Tugaí Cuain Nua;
- Slándáil / Teilifís Chiorcaid Iata (TFCI).

Torthaí agus Díbhinní
Gnóthaigh an Chuideachta brabús bliaintiúil de €28.7m (2005: €12.5m).

Ní mholann na Stiúrthóirí díbhinn a dhearbhú maidir leis an mbliain dár críoch 31 Nollaig 2006.

Leasanna Stiúrthóirí agus an Rúnaí in Scaireanna na Cuideachta
Níor cuireadh conarthaí nó socruithe suntasach ar bith ann a bhain le gnó na Cuideachta nó a gCuideachtaí gaolmhara ina raibh leas ar bith ag aon cheann de na Stiúrthóirí nó a dteaghlaigh iontu, de réir Achta na gCuideachtaí, 1990.

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí agus an Rúnaí nó a dteaghlaigh i scairchaipiteal na Cuideachta ar an 31 Nollaig 2006 agus 2005.

Acht Luath-Íocaíochta
Is é polasaí na Cuideachta ná a soláthroirí a íoc de réir thearmaí Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2002 (Íocaíochtaí Déanacha in IdirbheartaTráchtála) agus an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Chun na críocha seo, tá modh íocaíochta na Cuideachta beartaithe chun dearbhú réasúnach a chur ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha de na Rialacháin. Is í an gnáth-trhéimhse chreidmheasa ná 30 lá mura luaitear a mhalairt in aon socrú conartha. Socraíodh formhór na n-íocaíochtaí trí uimhir agus luach laistigh den tréimhse chreidmheasa de réir éilimh. Dá bharr sin, tá na Stiúrthóirí sásta gur chomhlíon an Chuideachta riachtanais an Achta.

Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na ndaoine go mba Stiúrthóirí iad i rith na bliana dár críoch 31 Nollaig 2006 leagtha amach thíos. Mura dteaspeántar a mhalairt ba stiúrthóirí iad ar feadh na bliana ar fad.

J Burke
E Connellan
P Bourke
C Bryce
C Burke (Tháinig deireadh lena thréimhse oifige ar 9 Meán Fómhair 2006)
B Daly
T Ennis
K Humphreys
T Hussey
B W Kerr
J Kiersey
S Martin
T Stafford (Ceaptha ar 24 Deireadh Fómhair 2006)

Iniúchóirí

Léirigh iniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, bhfuil siad sásta go n-ath-cheapfar iad de réir alt 160(2) de Acht na gCuideachtaí 1963.

Ar son an Bhoird

J Burke
E Connellan

29 Márta 2007

Ráiteas faoi Fhreaghtaí na Stiúrthóirí

Ráitis Airgeadais

Tá sé mar fhreagracht ar na Stiúrthóirí an Tuarascáil Bhliaintiúil a ullmhú chomh maith le ráitis airgeadais de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus Cleachtais Cuntasaíochta Coitianta na hÉireann lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus foilsithe ag Institiúd na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Cuireann dlí na hÉireann Um Chomhlachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar imeachtaí na Cuideachta agus brabús agus caillteanas na Cuideachta don tréimhse sin. Ag ullmhú na dtuairiscí airgeadais seo caithfidh na Stiúrthóirí:

- polasaithe iniúchaithe cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh go cruinn agus go ciallmhar;
- na tuairiscí airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh amach anseo mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Chomhlacht ar aghaidh ag feidhmiú.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chloígh siad leis na riachtanais thuas le linn dóibh a bheith ag ullmhú na dtuairiscí airgeadais.

Tá sé mar fhreagracht ar na Stiúrthóirí leabhair chuí chuntais a choiméad a nochtaíonn staid airgeadais na Cuideachtaa le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na tuairiscí airgeadais de réir chaighdeáin Cuntasaíochta Coitianta na hÉireann agus a shásaíonn an tAcht Cuanta 1996 agus Acht na gCuideachtaí 1963 go 2006. Tá siad freagrach freisin as aire a thabhairt do shócmhainní na Cuideachta agus dá réir sin as céimeanna reasúnacha a ghlacadh maidir le cosc agus aimsiú calaoise agus mírialtachtaí eile.

Rialú Corparáideach

Cuireann Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath tiomanta de na caighdeáin is airde de rialú corparáideach a choinneáil agus glacann siad chucu féin prionsabail an rialachas chorparáidigh agus Cód Cleachtais um Rialachas na gComhaltaí Stáit eisithe ag an Roinn Airgeadais i nDeireadh Fómhair 2001. Comhlíonann an Chuideachta a chuid dualgas faoi Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 and 2001.

Tá tromlach na Stiúrthóirí neamhfheidhmeach agus ceapann an tAire iad. Buaileann baill an Bhoird lena chéile go míosúil agus tá clár foirmeálta gnó acu ina gcaithfidh siadsan amháin cinneadh a dhéanamh air. Is féidir leis an mBord comhairle agus seirbhísí Rúnaí na Cuideachta a fháil agus is féidir leo comhairle phrofisiúnta neamhspleách a ghlacadh nuair is gá.

Chuir an Bord Coiste Iniúchta ar bun i 1997 faoi théarmaí tagartha foirmeálta. Ba iad baill an Choiste i rith na bliana ná Mr. T. Ennis (Cathaoirleach), Mr. B. W. Kerr agus Ms. C. Bryce.

Rialuithe Inmheánacha

Titeann an fhreagracht iomlán a bhaineann le córais rialaithe inmheánaigh na Cuideachta ar an mBord. Déanann na caighdeáin seo cinnte de go gcuirtear gnó i gcrích de réir údaráis na bainistíochta go dtabharfar aire do na sócmhainní, go gcuirfear bac ar chalaois agus go gcoimeádtar tuairiscí airgeadais cuí. Lena chinntiú go gcuirtear rialuithe inmheánacha na Cuideachta i bhfeidhm go héifeachtach fostaítear daoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus scaiptear na dualgais go cuí eatarthu.

Ar na córais a bhaineann le rialuithe inmheánacha tá:

- Na próisis a bhaineann le rioscaí gnó a aithint agus na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo a mheas – déantar é seo ar fad trí athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phlean stráitéiseach na Cuideachta. Ghlac an Bord leis an bplean stráitéiseach is deireanaí don tréimhse 2007 go 2011 in Eanáir 2007;

- Buiséad bliantúil faofa ag an mBord ar thorthaí cearta a mheas go míosúil i gcomparáid le réamhaisnéisí cánach.

- Coiste Iniúchta a bunaíodh maidir le rialuithe cuntasaíochta inmheánacha, feidhm iniúchta inmheánaigh, rogha polasaithe cuntasaíochta, pleananna iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh, tuarascáil reachtúil iniúchóirí, tuairisciú airgeadais agus cúrsaí eile bainteacha na Cuideachta a athbhreithniú agus a phlé le iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

- Feidhm Iniúchta imheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar imeachtaí gnó agus rialuithe;

- Cóid fhoirmeálta iompair do Stiúrthóirí agus dá gcuid fostaithe;

- Polasaithe soláthraithe agus modhanna feidhme. Cinntíodh siad seo, ar an gcéad dul síos, go ndéantar gníomhaíochtaí soláthair chun luach airgid i dtéarmaí chostais iomlána saolré agus ar an dara dul síos, go gcloítear le Treoirlínte Stáit agus Treoracha AE a bhaineann le Fóntais Phoiblí.

Tá freagracht ag an mBord tríd an Choiste Iniúchta athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht na gcóras a bhaineann le rialuithe inmheánacha.

Ar son an Bhoird

J Burke
E Connellan

29 Márta 2007

Tuarascáil an Iniúchora Neamhspleách do bhaill Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 24 go 44. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach i ráitis na bpolasaithe cuntasaíochta ar leathanaigh 24 agus 25.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Iniúchora faoi seach

Leagtar amach freagrachtaí na stiúrthóirí a bhaineann le hullmhú na Tuarascála Bliantiúla agus na ráiteas airgeadais de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin cuntasaíochta eisithe ag Bord Um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus foilsithe ag Institiúd na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta na hÉireann) i Ráiteas Um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanaigh 20 agus 21.

Is í an fhreagracht atá orainn ná ráitis airgeadais a iniúchadh de réir riachtanas cuí dlíthiúil agus reachtúil agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Um Iniúchtóireacht (RA agus Éire) Ullmhaíodh an tuairisc seo, lena n-áirítear tuairim bhaill na Cuideachta amháin de réir Roinn 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní chun críche ar bith eile. Agus sinn ag nochtadh na tuairime seo ní ghlacaimid freagracht d'aon aidhm eile ná d'éinne eile a dtaispeántar an tuairisc seo dóibh nó a fuair seilbh air ach amháin nuair a d'aontaíomar lena leithéid le cead roimh ré i scríbhinn.

Cuirimíd ár dtuairim in iúl duit faoi sna ráitis airgeadais faoi an dtugann na ráitis airgeadais tuairim fhíor agus cothrom de réir Chleachtais Chuntasaíochta Choitianta na hÉireann agus an ullmhaítear iad de réir reacht na hÉireann a bhfuil Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006 mar chuid de. Déanaimid ráitis faoi na ceisteanna seo a leanas:- An bhfuil an t-eolas go léir agus na miniúcháin go léir a measaimid cuí chun críche an iniúchta faighte againn? agus an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais? Cuirim ar dtuairim in iúl chomh maith maidir le:

- ar choiméad an Chuideachta leabhar chuí chuntais;
- an bhfuil Tuairisc na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ar an dáta ar foilsíodh an Clár Comhardaithe ar ghá don chomhlacht cruinniú neamhghnách a iarraidh mar gheall ar an tslí a bhí cúrsaí airgeadais; d'fheadfadh cúrsaí airgeadais a bheith amhlaidh mura bhfuil sócmhainní glana na Cuideachta, mar a chuirtear síos orthu sa Chlár Comhardaithe, níos mó ná leath an scairchaipitil ghlaoite.

Tugaimid ár dtuairim duit chomh maith ar aon eolas dlíthiúil faoi íocaíocht na Stiúrthóirí agus gnó na Stiúrthóirí gan a bheith nochtaithe agus nuair is féidir go bhfuil eolas fúthu ar an dtuairisc seo.

Léimid an t-eolas eile atá san Tuarascáil Bhliaintiúil agus smaoinímíd an bhfuil sé ar aon dul leis na ráitis airgeadais iniúchta. Tá an chuid eile den eolas ag baint le Ráiteas an Chathaoirligh, Athbhreithniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh ar Imeachtaí agus Tuarascáil na Stiúrthóirí. Tuigimid impleachtaí ár dtuairisce má thugaimid faoi deara go ndearnadh ráitis mí-chruinne nó aon rud nach raibh ar aon dul leis na ráitis airgeadais. Níl dualgais orainn maidir le haon eolas eile.

Bunús na Tuairime Iniúchtha

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Um Iniúchtóireacht (RA agus Éire) eisithe ag an mBord Um Chleachtais Iniúchtóireachta. Tá scrúdú ar bhonn trialach den fhianaise atá ag baint le méid agus neamhcosaintí na ráiteas airgeadais san áireamh nuair atá iniúchadh á dhéanamh. San áireamh freisin bíonn measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais thábhachtacha déanta ag na Stiúrthóirí le linn dóibh a bheith ag ullmhú ráiteas airgeadais agus eolas faoi na polasaithe airgeadais féachaint an bhfuil siad oiriúnach don Chuideachta, an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go seasta agus an bhfuil siad nochta go himleor.

Bheartaíomar agus chuireamar an t-iniúchadh i gcrích i dtreo is go bhfaighimis an t-eolas go léir agus na míniúcháin go léir á shíleamar go raibh gá seo le fianaise go leor a chur ar fáil dúinn go mbeimís réasúnta cinnte nach raibh aon mhí-chruinneas ag baint leis na ráitis airgeadais pé acu calaois nó botún nó aon rud eile dá shórt. Rinneamar measúnú freisin ar cé chomh críochnúil is a tugadh an t-eolas sna ráitis airgeadais.

Tuairim

De réir ár dtuairime tugann na Ráitis airgeadais:

- eolas fíor agus chothrom de réir Chleachtais Cuntasaíochta Coitianta na hÉireann de réir imeachtaí na Cuideachta ar 31 Nollaig 2006 ar a chuid brabúis agus sreafaí airgid thirim don bhliain dár críoch ag an am sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006.

Fuaireamar gach eolas agus míniúcháin a cheapamid go raibh gá leis chun a chríochadh ár n-iniúchta. Is dóigh linn gur choimeád an Chuideachta cuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na cuntais.

Is dóigh linn go bhfuil an t-eolas tugtha ar Thuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 16 - 19 ag teach leis na ráitis airgeadais.

Tá sócmhainní glana na Cuideachta mar atá ráite ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 28 níos mó ná leath méid scairchaipitil ghlaoite agus de réir ár dtuairime ar an mbonn sin níor ghá cruinniú neamhghnách den Chuideachta a éileamh faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú) 1983 mar gheall ar an tslí a bhí cúrsaí airgeadais ar 31 Nollaig 2006.

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

29 Márta 2007

Polasaithe Cuntasaíochta

Is iad na polasaithe is tábhachtaí atá glactha ag an gCuideachta ná iad seo a leanas:

Bunús an Ullmhaithe
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir chaighdeáin cuntasaíochta coitianta na hÉireann agus de réir reachta na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006. Is iad caighdeáin cuntasaíochta coitianta na hÉireann maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíor agus cothrom ná na cinn a eisíonn An Bord Um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus foilsithe Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Comhshocrú Costais Stairiúil
Ullmaítear na ráitis airgeadais de réir an Choinbinsiúin Costais Stairiúil.

Láimhdeachas
Is éard atá i gceist le láimhdeachas ná luach na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe, ioncaim ó chíos san áireamh, taobh amuigh de cháin breisluacha.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe
Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe mar an gcostas lúide díluacháil charnach. Ní bhíonn díluacháil i gceist le talamh saorsheilbhe.

Áirítear díluacháil le costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a laghdú, taobh amuigh de thalamh saorsheilbhe agus sócmhainní infrastructúir. Tugtar an méid céanna airgid orthu gach bliain fad a mhairfidh siad agus gur féidir feidhm a bhaint astu.

Is é an brí atá le sócmhainní infrastructúir ná na sócmhainní sin atá thar a bheith úsáideach, agus de ghnách gur tógadh iad an-chuid blianta ó shin ach nach dtógfaí ar an chaoi sin iad sa lá inniu. Is i measc na sócmhainní seo tá Balla An Bhulla Thuaisceartaigh agus An Balla Mór Deisceartach. Ní áirítear aon luach a bheith leis na sócmhainní infrastructúir agus léirítear costas a gcothabhála ar an Cuntas Brabúis agus Caillteanais.

Is é an fad saoil úsáideach a mheastar a bheith ag sócmhainní seasta inláimhsithe (díluacháil san áireamh) ná:

Foirgnimh	50 blian
Structúir na nduganna duganna tirime agus céanna	30 - 50 blian
Dreideáil Doimhin	30 blian
Soithí ar snámh	suas le 30 blian
Cránacha	suas le 30 blian
Fearas agus innill	2 - 30 blian

Stoc
Áirítear stoc níos lú ná a gcostas agus luach glan a gcostas.

Is éard atá i gceist le costas ná costas a gceannaithe agus nuair a oireann, cánacha allmhairithe agus costais iompair.

Is éard atá i gceist le luach glan a gcostas ná costas lúide soláthar do nithe damáiste, seanchaite agus gan úsáid.

Léasanna
Cuirtear na cíosanna ar fad a bhaineann le léasanna atá ag feidhmiú díreach ar Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Deontais Chaipitúla agus Ranníocaíochtaí do Chostas na Sócmhainní Seasta
Déileáiltear le deontais chaipitiúla agus ranníocaíochtaí do shócmhainní seasta mar chreidmheasanna iarchurtha agus cuirtear ar ceal iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais ar an mbonn céanna is a dhíluacháiltear na sócmhainní seasta inláimhsithe atá gaolmhar leo.

Aithnítear deontais nuair is féidir a chruthú go cinnte go mbeidh siad indíolta agus is iad sin a léirítear ar na ráitis airgid iad.

Talamh le Forbairt

Is é talamh atá i gceist anseo ná talamh a fhorbrófar ach nach gcoimeádtar d'úsaid fad-téarmach ghnó ach coimeádtar é d'fhorbairt nó d'aidmeanna ath-díolta agus coimeádtar é ar níos lú ná a chostas nó luach an mhargaidh.

Airgeadra Iasachta

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais atá ainmithe in airgeadra iasachta ag rialú an ráta malairte ar dháta an Chláir Chomhardaithe agus aistrítear ioncam sócmhainní nach airgead iad ag rialú an ráta malairthe ar an dáta an idirbhirt.

Déileáiltear le sochair agus dochair gurb ann iad mar thoradh ar aistriú airgid iasachta agus mar thoradh ar an méid a fuarthas agus a íocadh in airgead iasachta sa Chuntas sochair agus dochair

Is ionann sóchmhainní airgeadais ná airgead atá idir lámha agus an t-airgead a bheidh á ghlacadh; ní sóchmhainní airgeadais na sochmhainní eile ar fad.

Sochair Scoir

Tugtar luach macánta ar shócmhainní scéim pinsin sochair shainithe. Tomhastar dliteanais scéim pinsin sochair shainithe ar bhonn achtúireach ag úsaid an mhodha aonaid teilgthe um chostas achtúireach. Léirítear an farasbarr atá a bhaineann le dliteanas scéim an phinsin ar na sócmhainní ar an gCuntas Comhardaithe mar dhliteanas glan ar cháin iarchurtha lena mbaineann. Cuimsíonn an muirear ar phinsean sochair shainithe ar Bhrabús a Oibrithe i an costas seirbhíse reatha agus iarchostais seirbhíse. Léirítear an farasbarr an chostais úis, ar dhliteanas thar an aisíocaíocht ionchais ar sócmhainní na scéime faoin gCuntas Brabúis agus Caillteanais "Tháillí Airgeadais". Aithnítear gnóthachain agus caillteanais an achtúireachta a thagann de bharr athraithe i meastacháin achtúireacha agus ó farasbarr agus easnamh a bhaineann le taithí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Chaillteanais Iomlána Aitheanta don bhliain lena mbaineann siad.

Dreideáil

Léirítear costas gnáthdhreideáil nó dreideáil atá á dhéanamh ar feadh an ama ar Chuntas Brabúis agus Caillteanais de réir mar a chuirtear an costas. Caipitlítear an dreideáil doimhin a chuireann le bealach isteach go dtí an calafort nó leis an infrastructúr mar chuid de shócmhainn sheasta a bhfuil baint aige leis agus a dhíluacháiltear thar a fad saoil úsáideach a cheaptar a bheidh aige.

Cáin Iarchurtha

Soláthraítear cáin iarchurtha do na difríochtaí uainíochta a tharla ach atá ann fós ar dháta an Chláir Chomhardaithe áit ar tharla idirbhearta nó imeachtaí ag dáta an Chomhardaithe gurb é an toradh a bheidh orthu ná dualgas a bheith ar dhaoine níos mó cánach a íoc sa todhchaí nó níos lú cánach a íoc sa todhchaí.

Is ionann difríochtaí uainíochta agus difríochtaí sealadacha idir bhrabúis a ríomhtar d'aidhmeanna cánach agus brabúis mar atá léirithe sna ráitis airgeadais, a eascraíonn mar gheall ar gur déileáladh le gnéithe faoi leith ioncaim agus caiteachais 'sna ráitis airgeadais i mblianta difriúla aidhmeanna cánach.

Meastar cáin iarchurtha ag rátaí cánach a cheaptar a chuirfear i bhfeidhm sna blianta ina bhfuil súil go n-aisiompófar na difríochtaí uainíochta bunaithe ar rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh orthu nó a achtaíodh go substainteach faoin dáta a eisíodh an Clár Chomhordaithe. Ní dhéantar cáin iarchurtha a lascainiú.

Bainistíochta Riosca Ráta Úis

Úsáidtear babhtáil/teorannú ráta úis leis an gCuideachta a chosaint ar athraithe ar rátaí úis. Fabhraítear an méid atá iníocta nó infhaighte ar ionstraimí fálaithe den sórt seo an tslí chéanna le hús ar iasachtaí.

Cuntas Brabúis agus Caillteanais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Láimhdeachas	**2**	66,423	61,535
Costas díolachán		(24,706)	(23,188)
Ollbhrabús		**41,717**	**38,347**
Riarachán agus Caiteachas ginearálta		(15,024)	(16,277)
		26,693	22,070
Earraí Eisceachtúla Oibrithe	**5**	(1,101)	(3,253)
Brabús Oibrithe		**25,592**	**18,817**
Teacht Isteach ó Shócmhainní Airgeadais Eile	**11**	375	375
Earraí Eisceachtúla	**6**	10,576	1,150
Brabús ar ghnáth-imeachtaí roimh ús agus cáin		**36,543**	**20,342**
Costais airgeadais glan iníoctha	**7**	(2,685)	(4,436)
Brabús ar ghnáth-imeachtaí roimh chánachas	**8**	**33,858**	**15,906**
Cánachas	**9**	(5,205)	(3,447)
Brabús don Bhliain Airgeadais a Coimeádadh		**28,653**	**12,459**
Fuílleach ag tús na bliana		112,248	99,789
Fuílleach ag deireadh na bliana		**140,901**	**112,248**

Láimhdeachas agus Brabús feidhmíochta mar thoradh ar ghníomhaíochtaí leanúnacha.

Ar Son an Bhoird

J Burke
E Connellan

29 Márta 2007

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Brabús don Bhliain Airgeadais		28,653	12,459
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach aitheanta ar scéimeanna pinsin	29	(24,436)	3,928
Cáin iarchurtha a bhaineann le (caillteanas)/gnóthachan achtúireach	19	3,054	(491)
Gnóthacháin iomlána aitheanta ó tuarascáil bhliantúil dheireanach		**7,271**	**15,896**

Ar Son an Bhoird

J Burke
E Connellan

29 Márta 2007

Clár Comhardaithe
Ar 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Sóchmhainní Seasta			
Sóchmhainní Inláimhsithe	10	**217,004**	**210,645**
Infheistiú			
Fiontar i gcomhar	11	**7,250**	**7,250**
Sóchmhainní reatha			
Talamh ionfhorbartha	12	1,246	1,246
Stoic	13	802	800
Feichiúnaithe agus réamh-íocaíochtaí	14	14,857	13,337
Airgead sa bhanc agus ar láimh		13,971	5,608
		30,876	**20,991**
Creidiúnaithe – Méid iníoctha taobh istigh de bhliain amháin	15	**(35,355)**	**(27,562)**
Dliteanais reatha glana		**(4,479)**	**(6,571)**
Sócmhainn iomlána lúide dliteanais reatha		**219,775**	**211,324**
Creidiúnaithe – Méid iníoctha tar éis bliain iomlán	16	**62,000**	**63,454**
Ioncam iarchurtha	18	**15,739**	**16,509**
Soláthair do Dhliteanais agus Costais	19	**68,574**	**65,170**
		146,313	**145,133**
Caipitil agus Cúlchiste			
Scairchaipitil glaoite	20	14,464	13,090
Cúlchiste insoinseálta	21	119	119
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		140,901	112,248
Cúlchiste Pinsin		(82,022)	(60,640)
Cistí Scairsealbhóirí Eile	22	-	1,374
Gnáth-Scairsealbhóirí eile	22	**73,462**	**66,191**
		219,775	**211,324**

Ar Son an Bhoird

J Burke
E Connellan

29 Márta 2007

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Réiteach ar Bhrabús Oibrithe le Glansreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibrithe			
Brabús Oibrithe		25,592	18,817
Amúchadh deontas caipitil	18	(772)	(774)
Dímheas muirear		8,485	8,230
(Brabús)/Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe		(8)	6
Méadú Stoc		(2)	(13)
Méadú/Laghdú i bhféichiúnaithe		(1,520)	2,367
Laghdú i gcreidiúnaithe		(21,639)	(11,504)
Laghdú/Méadú in easnaimh i gciste an phinsin – maoiniú costais	29	205	(1,891)
Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibrithe		**10,341**	**15,238**
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid			
Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochta oibrithe		10,341	15,238
Díbhinní ó fhiontair i gcomhar agus ó chomhpháirtithe	11	375	375
Aisíoc ó infheistiú agus maoiniú a láimhseáil	23	(2,666)	(2,364)
Cánachas		(222)	96
Earraí eisceachtúla		10,576	-
Caiteachas Caipitiúil	23	(14,712)	(12,902)
		3,692	443
Maoiniú	23	4,671	1,050
Méadú in Airgead Tirim		**8,363**	**1,493**
Réiteach ar Shreabhadh Airgid Tirim Glan le Gluaiseacht i bhFiach Glan			
Méadú in airgead tirim i rith na bliana	24	8,363	1,493
Sreabhadh airgid thirim ó mhéadú/laghdú i bhfiacha	24	(4,671)	324
Athrú i bhfiach glan		3,692	1,817
Glanfhiach tosaigh	24	(68,183)	(70,000)
Glanfhiach deiridh	24	**(64,491)**	**(68,183)**

Ar Son an Bhoird

J Burke
E Connellan

29 Márta 2007

Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

1. Sócmhainní agus Freagrachtaí faighte ar Lá Dílseacháin

Faoi thearmaí choinníollacha an Achta Cuanta, 1996, ghlac an Chuideachta chucu féin na feidhmeanna a bhí ag an Iar-Bhord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath ar 3 Márta 1997 ("Lá Dílseacháin").

Is é an t-Aire a bhí ann ag an am viz. Aire Cumarsáide, Mara, agus Acmhainní Nádúrtha a shocraigh an costas a bheadh ar an gCuideachta maidir leis na sócmhainní faighte ar Lá Dílseacháin. Glacadh freagracht na ndliteanas (pinsin agus deontais chaipitil san áireamh) ag a bhfíor-luach nó an luach a bhí leagtha amach dóibh. San áireamh i ndliteanais phinsin tá na pinsin a bhaineann leis na cinn a bhí i gceist roimh Lá Dílseacháin a raibh fostaithe na Cuideachta i dteideal iad a fháil chomh maith le hiarphinsinéirí agus iad atá ann i láthair na huaire den Bhord seo ar a tugadh an Bord Bhord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath roimhe seo.

Aistríodh sócmhainní agus feidhmeanna an Choiste Um Píolótaíocht, bunaithe faoin Acht Um Phíolótaíocht, 1913, go Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 1997 de réir feidhmithe dlí agus faoi Acht na gCuanta 1996 (Tosnú) (Uimh. 3) Ordú 1997.

Shásaigh an chomaoin do na glansócmhainní a aistríodh go dtí an Chuideachta le cruthú agus eisiúint 6.023 milliún de ghnáthscaireanna de IR £1 (€1.27) gach ceann acu íoctha ina iomláine. Tá gnáthscair amháin ag an Aire Airgeadais agus bhí an chuid eile ag an Aire Iompair ar 31 Nollaig 2006.

2. Láimhdeachas

	2006 €'000	2005 €'000
Trí aicme gnóthais		
Fiacha Um Chalafort	55,512	52,208
Cíosanna	8,658	7,176
Nascbhóthar – Thoir (feach nóta 3)	1,213	1,210
Ceadúnais	754	648
Eile	286	293
	66,423	**61,535**

3. Nascbhóthar-Thoir

Faoi na comhaontuithe ar 16 Márta, 1983 agus 24 Samhain 1983 – an dara ceann á mheas maidir le cailliúint leaba ancaire teoranta agus fáil réidh le talaimh faoi leith bhí an Bord i dteideal roinnt den bhrabús a bhainfeadh le Scéim an Dola ar feadh tréimhse nach mbeadh níos lú na 25 bliain ón dáta a bunaíodh an scéim. Cuireadh an bóthar Dola faoi ghreis Bhardas Bhaile Átha Cliath d'úsáid phoiblí ar 21 Deireadh Fómhair, 1984.

4. Soláthar do Rátaí Cathrach

Ghearr Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath rátaí iomlána ar an gCuideachta ag dul siar go dtí 1998. D'íoc an Chuideachta, ámh, ráta 21% den mhéid seo, de réir fhorálacha an Achta RialtaisÁitiúil (Baile Átha Cliath), 1930. Tá an Chuideachta ag lorg achomhairc maidir le bunús agus méid na meastúchán is deireannaí. Dhaingnigh cinneadh na hArd-Chúirte eisithe ar 30 Deireadh Fómhair 2002 meon na Cuideachta maidir le bunús an mheastacháin. Dá réir sin tá soláthar déanta suas go dtí 2002 ag 21% den mhéid a ghearr Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh ar an Acht Luachála, 2001 caithfidh an Chuideachta rátaí iomlána a íoc ó 1 Eanáir, 2003. Tá soláthar iomlán déanta sna cuntais don mhéid a ghearr Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ar 21 Deireadh Fómhair, 2004 dhiúltaigh an Binse Fiosruithe Um Luacháil achomharc na gcalafort i gcoinne méid an mheastacháin faoin modh luachála fáltas agus caiteachais. Tá achomharc á lorg anois san Árd-Chúirt.

5. Earraí Eisceachtúla Oibrithe

	2006 €'000	2005 €'000
Costais eisceachtúla infrastructúir	-	(1,360)
Íocaíochtaí Iomarcaíochta	(1,101)	(1,893)
	(1,101)	**(3,253)**

6. Earraí Eisceachtúla

	2006 €'000	2005 €'000
Brabús glan ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	1,150
Dáileadh ag Pointe an Phointe Oirthir (féach nóta 12)	10,576	-
	10,576	**1,150**

7. Glanmhuirir mhaoinithe Iniocthа

	2006 €'000	2005 €'000
Muirir airgeadais iníoctha:		
Ró-tharraingt agus Iasachtaí Bainc		
- iasachtaí iníoctha go hiomlán taobh istigh de chúig bliana	116	-
- iasachtaí nach bhfuil iníoctha go hiomlán taobh istigh de chúig bliana	2,901	2,696
Ús infhaighte	(127)	(151)
	2,890	2,545
Easnamh i gciste an phinsin – maoinithe (ioncaim)/costais (féach nóta 29)	(205)	1,891
	2,685	**4,436**

Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais
ar lean

8. Brabús ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh Chánachas

	2006 €'000	2005 €'000
Ríomhadh an brabúis ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas tar éis:		
Costaisía bhaineann le foireann		
- pá agus tuarastail	12,254	13,358
- costais leasa shóisialaigh (ÁSPC)	850	837
- costais eile a bhaineann le pinsin (féach nóta 29)	1,929	1,573
	15,033	**15,768**
Luach Saothair na nIniúchóirí	37	36
Dímheas	8,485	8,230
Iocaíochtaí Iomarcaíochta	1,101	1,893
Amúcadh ar dheontais chaipitil (féach nóta 18)	(772)	(774)

9. Cánachas

	2006 €'000	2005 €'000
Bunaithe ar bhrabús gníomhaíochta an chalafoirt ar feadh bliana:		
Cáin chorpartha ag fíor-ráta 12.5%(2005:12.5%)	-	-
Bunaithe ar ghníomhaíocht neamhbhrabúsach an chalafoirt		
Cáin Chorpartha ag fíor-ráta 25% (2005:25%)	(2,905)	-
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	-	(222)
Muirear Cánach Iarchurtha don bhliain	(2,616)	(3,225)
Muirear Cánach reatha don bhliain	**(5,521)**	**(3,447)**
Ró-Sholáthar sa bhliain a chuaigh roimhe – Cáin Iarchurtha	316	-
	(5,205)	**(3,447)**

Tailte a chaithfear a dhíol faoin Ordú Ceannaigh Éigeanntaigh
Mar chuid de thógáil Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seilbh go héiginnteach ar 34 acra talaimh ón gCuideachta. Faoi rialacha cánach, rinneadh amhlaidh sa tréimhse cuntasaíochta dar críoch 31 Nollaig 2001. Níor taispeánadh aon cháin a bheith gearrtha sna cuntais maidir le Cáin Ghnóthachan Caipitiúil de thimpeall €6m nuair a díoladh na tailte seo. Bhí sin amhlaidh mar bhí cáin iarchurtha Gnóthachan Caipitiúil ag baint go dlíthiúil leis an ngnó faoi sholáthair rollaithe in Alt 605 den Acht Comhdhlúite Cánacha1997.

9. Cánachas - ar lean

Tá an muirear cánach corparáide don bhliain níos lú ná an muirear cánach reatha a tharlódh mar thoradh an ráta caighdeánach de cháin chorparáide na hÉireann a bheith curtha i bhfeidhm ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí. Míntear na difríochtaí thíos:

	2006 €'000	2005 €'000
Brabús roimh cháin ar ghnáthghníomhaíochtaí	**33,858**	**15,906**
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí méadaithe faoi mheán-ráta cánach corparáide na hÉireann 12.5% (2005: 12.5%)	4,232	1,988
Torthaí de:		
Costais nach bhfuil ceadaithe	(1,105)	187
Difríocht idir dímheas agus liúntais chaipitil	(81)	(186)
Liúntas in aghaidh ranníocaíochtaí pinsin de bhreis ar mhuirear pinsin	(2,535)	(2,939)
Úsáid de chaillteanais chánach	(511)	828
Ioncam éighníomhach inchurtha ag cáin ag 25%	2,905	122
Muirear cánach reatha don bhliain	**2,905**	**-**

10. Sócmhainní Inláimhsithe

	Talamh agus foirgnimh € '000	Teirminéil € '000	Structúir duganna duganna tirime agus céanna € '000	Soithí ar snámh € '000	Cránacha € '000	Fearas agus Innealra € '000	Iomlán € '000
Costas							
Ar 1 Eanáir 2006	54,759	171,026	29,806	6,333	3,786	6,401	272,111
Breisiúcháin i rith na bliana	3,184	7,651	2,780	150	-	1,113	14,878
Diúscairtí	-	-	-	-	-	(67)	(67)
Ar 31 Nollaig 2006	**57,943**	**178,677**	**32,586**	**6,483**	**3,786**	**7,447**	**286,922**
Dímheas Carnach							
Ar 1 Eanáir 2006	3,645	39,375	11,099	2,093	1,694	3,560	61,466
Muirear don bhliain	743	5,188	1,446	233	231	644	8,485
Diúscairtí	-	-	-	-	-	(33)	(33)
Ar 31 Nollaig 2006	**4,388**	**44,563**	**12,545**	**2,326**	**1,925**	**4,171**	**69,918**
Glanmhéideanna Leabhair							
Ar 1 Eanáir 2006	51,114	131,651	18,707	4,240	2,092	2,841	210,645
Ar 31 Nollaig 2006	**53,555**	**134,114**	**20,041**	**4,157**	**1,861**	**3,276**	**217,004**

Is í an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nadúrtha a shocraigh an costas don Chuideachta ar na sócmhainní ar ghlac siad leo ar an Lá Dílseacháin, 3 Márta, 1997 de réir Achta na gCuanta 1996 i gcomaoin na scairanna a eisíodh.

Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais
ar lean

11. Infheistiú i bhFiontar i gcomhar

I rith 2002, bhunaigh an Chuideachta seo Cuideachta eile Fiontair i gcomhar, Renore Teo ar bhonn 50/50 le One51 Teo. Bunaíodh an Fiontar i gComhar seo chun grúpa Cuideachtaí Ghrianphort a cheannach. Cuireadh an ceannach seo i gcrích in Aibreán 2002 ar chostas €7.25m do Chuideachta Phort Baile Átha Cliath.

Taispeánann ráitis airgeadais Renore láimhdeachas de €6.8m (2004: €7.1m) do 2005 agus is é méid an bhrabúis choimeádtha don bhliain airgeadais ná €852,750 (2004: €734,439). Is é toirt na tradála tríd an gCalafort ná 646,000 tonna.

Glacadh le díbhinn a bhain le scairshealbhóireacht na Cuideachta in Renore Teo. Ba é a luach ná €375,000, (2005: €375,000).

12. Talamh Infhorbartha

I mí Iúil 1999 thosaigh an Chuideachta ar shocrú gnó le Pointe Oirthir Phort an Iarla agus Pointe Oirthir (Forbairt) Two Teo. Ba éard a bhí i gceist ná forbairt de 14 acra talaimh taobh le Forbairt Ionaid Ghnó an Phointe Oirthir Céim 1.

Chomh maith leis an mbaint atá acu leis an talamh a díoladh tá an Chuideachta i dteideal tairbhiú den bhrabús a dhéanfar nuair a dhíolfar na háitribh fhorbartha ag an bPointe Oirthir (Forbairt) Two Teo. Tabharfar aitheantas do na brabúis seo sna ráitis airgeadais nuair a gheobhaidh Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath iad. I mí na Nollag 2006 fuarthas dáileadh de €10.6m. Níor díoladh aon talamh i rith na bliana.

13. Stoic

	2006 €'000	2005 €'000
	802	**800**

Is é atá i gceist le stoic ná nithe inchaite, páirteanna breise, agus stóir a úsáidtear le fearas a choimeád. Ní raibh aon difríocht shuntasach idir an costas a bhain le stoic a athsholáthar agus an méid a léiríodh sa leabhar.

14. Feichiúnaithe – Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin

	2006 €'000	2005 €'000
Feichiúnaithe Trádála	12,452	11,192
CBL	494	533
Eile	1,911	1,612
	14,857	**13,337**

15. Creidiúnaithe – Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin

	2006 €'000	2005 €'000
Iasachtaí Bainc (féach nóta 17)	16,462	10,337
Creidiúnaithe agus Fabhruithe Trádála	14,868	15,765
Ioncam Iarchurtha (féach nóta 18)	772	774
Cáin Chorparáideach	2,905	-
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	-	222
Cáin Ioncaim gearrtha de réir Í.M.A.T.	237	327
Árachas sóisialta pá-choibhneasa	111	137
	35,355	**27,562**
Creidiúnaithe incháinithe agus leasa sóisialaigh san áireamh thuas.	**3,253**	**686**

16. Creidiúnaithe – Méideanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin

	2006 €'000	2005 €'000
Iasachtaí Bainc (féach nóta 17)	**62,000**	**63,454**

17. Iasachtaí Bainc

	2006 €'000	2005 €'000
Iasachtaí Bainc	75,000	70,000
Maoiniú eile – Ciste na nIasachtaí Áitiúla	3,462	3,791
	78,462	**73,791**
Tá na hiasachtaí seo iníoctha sna tréimhsí seo leanas tar éis dheireadh na bliana:		
Taobh istigh de bhliain amháin	16,462	10,337
Idir bliain amháin agus dhá bhliain	22,000	10,345
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	40,000	36,089
Níos mó ná cúig bliana	-	17,020
	62,000	63,454
	78,462	**73,791**

Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais
ar lean

18. Ioncam Iarchurtha

	2006 €'000	2005 €'000
Deontais chaipitil agus ranníocaíochtaí do na sócmhainní seasta		
Comhardú Tosaigh	17,283	18,057
Amúchta go dtí an Cuntas Brabúis agus Caillteanais i rith na bliana	(772)	(774)
Comhardú Deiridh	**16,511**	**17,283**
Creidiúnaithe – méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin (féach nóta 15)	772	774
Ioncam Iarchurtha	15,739	16,509
	16,511	**17,283**

19. Soláthair do Dhliteanais agus Muirir

	2006 €'000	2005 €'000
Pinsin (féach nóta 29)	76,889	72,731
Cáin iarchurtha	(8,315)	(7,561)
	68,574	**65,170**
Cáin Iarchurtha		
Cáin Iarchurtha ar Liúntais Chaipitiúla Luathuithe	1,296	1,530
Sócmhainn cánach iarchurtha ar phinsin	(9,611)	(9,091)
	(8,315)	**(7,561)**

Gluaiseacht i gCáin Iarchurtha	2006 €'000
Comhardú Tosaigh	(7,561)
Aistriú go dtí Brabús agus Caillteanas	2,616
Ró-Sholáthar sa Bhliain a chuaigh roimhe	(316)
Aistriú go dtí an Ráiteas ar Ghnóthachain agus Chaillteanais Iomlána Aitheanta	(3,054)
Comhardú Deiridh	**(8,315)**

20. Scairchaipiteal Cothromais

	No. ('000)	€'000
Údaraithe – 96.5 gnáthscaireanna de €1.25 an ceann ar 31 Nollaig 2006 agus 2005	96,500	120,625
Dáilte agus íoctha go hiomlán:		
Ag tosach na bliana	10,472	13,090
Eisithe i rith na bliana	1,099	1,374
Ag deireadh na bliana	**11,571**	**14,464**

21. Cúlchiste Chomshó Caipitil

Tugadh luach €1.25 an ceann in ionad €1.269738 an ceann in 2001 ar ghnáthscairanna na Cuideachta agus aistríodh an méid ar ar laghdaíodh scaireanna caipitil eisithe an Chuideachta go dtí ciste ar a dtugtar an Cúlchiste Chomshó Caipitil.

22. Réiteach na ngluaiseachtaí i gcistí cothromais na gnáthscairshealbhóirí

	2006 €'000	2005 €'000
Brabús don bhliain airgeadais	**28,653**	**12,459**
(Caillteanas)/Brabús Achtúireach aitheanta ar scéimeanna pinsin	(24,436)	3,928
Ioncam iarchurtha bainteach le (caillteanas)/brabús achtúireach	3,054	(491)
Cistí scairshealbhóirí eile (féach thíos)	-	1,374
Méadú glan i gcistí na ngnáthscairshealbhóirí	7,271	17,270
Cistí tosaigh cothromais na gnáthscairshealbhóirí	66,191	48,921
Cistí deiridh cothromais na gnáthscairshealbhóirí	**73,462**	**66,191**

Cistí eile na scairshealbhóirí

Ar 19 Nollaig 2006 d'éisigh an Chuideachta 1,098,917 gnáthscaireanna breise ag €1.25 an ceann i bhfábhar an Aire Iompair. An t-iomlán a bhí ann ná €1,373,646.25. Is de bharr maoinithe a fuarthas ón scairshealbhóir in 2005 a éisíodh iad.

Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais
ar lean

23. Ollsreafaí airgid thirim

	2006 €'000	2005 €'000
Aisíoc ar infheistithe agus caoi a chur ar chúrsaí airgeadais		
Ús faighte	127	151
Ús Íoctha	(2,793)	(2,515)
	(2,666)	**(2,364)**
Caiteachas Caipitiúil		
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	(14,753)	(14,052)
Sonraí ó dhíolachán talaimh infhorbartha agus sócmhainní seasta inláimhsithe	41	1,150
	(14,712)	**(12,902)**
Maoiniú		
Fáltais mar gheall ar scaireanna a bheith á n-eisiúint	-	1,374
Fáltais ó iasachtaí meántéarmacha	15,000	-
Aisíocaíocht iomlán na n-iasachtaí	(10,329)	(324)
	4,671	**1,050**

24. Anailís ar athruithe a bhaineann le fiach glan

	1 Eanáir 2006 €'000	Sreafaí Airgid €'000	Athruithe nach mbaineann le airgead tirim €'000	31 Nollaig 2006 €'000
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	5,608	8,363	-	13,971
Fiach dlite taobh istigh de bhliain amháin	(10,337)	(4,671)	(1,454)	(16,462)
Fiach dlite tar éis bliain amháin	(63,454)	-	1,454	(62,000)
Iomlán	**(68,183)**	**3,692**	**-**	**(64,491)**

25. Caiteachas caipitiúil amach anseo nach ndearnadh soláthar do

	2006 €'000	2005 €'000
Conradh ann ina leith	12,075	779
Údaraithe ag na Stiúrthóirí ach nach raibh conradh ann ina leith	3,500	223
	15,575	**1,002**

26. Luach Saothair na Stiúrthóirí

	2006 €'000	2005 €'000
Luach Saothair		
- táillí i leith sheirbhísí na Stiúrthóirí	176	127
- díolaíocht i leith Seirbhísí eile	364	323
- ranníocaíochtaí pinsin	57	41
	597	**491**

27. Fostaithe

Ba é meán-líon fostaithe na Cuideachta i rith na bliana ná 208 (2005: 241).

28. Idirbhearta páirtithe coibhneasta

Cosúil le go leor aonán eile, déileálann Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath ina gháthghnó le haonáin Rialtais agus cuideachtaí eile faoi uinéireacht an stáit ar bonn neamhchomaoine.

Bhí iasachtaí fadtéarmacha ag an gCuideachta ó Chiste na nIasachtaí Áitiúla ar 31 Nollaig 2006 agus bhí na rátaí úis de réir rátaí an mhargaidh. Íocadh as na hiasachtaí seo ina iomláine in Eanáir 2007. Is é €3.5m an t-iomlán a bhí i gceist.

Ba é luach na ndíolachán do Chuideachtaí a raibh beirt stiúrthóirí i gceannas orthu na €2.1m agus bhí gnáth-théarmaí trádála ag baint leo. Nuair a bhí an clár comhardaithe á eisiúint ba é €0.3m an t-iomlán a fuarthas ó na Cuideachtaí seo.

Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais
ar lean

29. Pinsin

a) Cistí pinsin sochair shainithe

Oibríonn an Chuideachta dhá scéim pinsin den saghas thuas viz. cistí pinsin sochair sainithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh do na fostaithe atá incháilithe. Tá fostaithe agus iarfhostaithe Bhord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath i gceist anseo freisin. Sin an Bord a bhí ann sular bunaíodh an Chuideachta. Níl go leor maoinithe á dhéanamh ar na scéimeanna seo i láthair na huaire mar go raibh siad ag feidhmiú cheana faoi fhorálacha an Achta Cuanta 1946. Íocann an Chuideachta na pinsin i láthair na huaire as sreabhadh airgid thirim.

Faoi fhorálacha an Achta Cuanta 1996 tá an Chuideachta freagrach as maoiniú íocaíochtaí pinsin a bhaineann le teidlíochtaí (teidlíochtaí maidir le seirbhís réamh–Lá Dílseacháin le Bord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath san áireamh):

- fostaithe reatha na Cuideachta atá incháilithe;
- pinsinéirí uile reatha agus iarchurtha de Bhord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath atá incháilithe;
- iarfhostaithe na Cuideachta atá incháilithe atá ina bpinsinéirí reatha nó iarchurtha ar an gCuideachta nó d'fhéadfadh siad a bheith amhlaidh ón Lá Dílseacháin;
- mná/fir céile agus leanaí fostaithe nó iarfhostaithe atá incháilithe.

Tá maoiniú a bhaineann le hiontaobhaithe curtha ar leataobh don aidhm seo. Bhí na toghcháin is deireannaí a bhain leis na hiontaobhaithe ar siúl ar 15 Nollaig 2005 agus daingníodh ceapachán chearthar iarrthóirí ar éirigh leo. Is é an Bord a bhí i mbun an ghnó seo ar 26 Eanáir 2006. Chomh maith leis an gceathrar iontaobhaithe go mba bhaill iad, cheap an Chuideachta ceathrar iontaobhaithe breise.

b) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) 'Sochair Scoir'

Rinne achtúirí neamhspleácha luacháil ar na scéimeanna d'aidhmeanna FRS 17 bunaithe ar shonraí a cuireadh ar fáil do luacháil achtúireach na gcistí ar 1 Eanáir 2006. Tugadh na sonraí seo suas chun dáta chun iad seo a leanas a léiriú:

- sonraí faoi shócmhainn an chiste ar 31 Nollaig 2006 agus
- sonraí faoi na baill ar 31 Nollaig 2006 agus eolas faoina dtuarastail ar 1 Eanáir 2007 agus úsáidtear an t-eolas sin le dliteanais na scéime a ríomh ag dáta eisithe an Chláir Chomardaithe. Léirítear socmhainní na scéime de réir luach an mhargaidh ar dáta eisithe an Chláir Chomhardaithe.

De réir FRS 17 úsáideadh an modh aonaid teilgthe um chostas achtúireach leis an luacháil a dhéanamh.

Boinn Tuisceana Airgeadais:

Is iad na príomhbhoinn tuisceana airgeadais a úsáideann na hachtúirí leis an dliteanas faoi FRS 17 a ríomh ag dáta eisithe an Chláir Chomhardaithe ná:

	31 Nollaig 2006	31 Nollaig 2005
Ráta méadaithe na dtuarastal inphinsin	4.00%	4.00%
Ráta méadaithe na dtuarastal inphinsin	4.00%	4.00%
Ráta lascaine	4.50%	4.00%
Praghas boilscithe	2.25%	2.25%

29 (b) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) 'Sochair na bPinsean' - ar lean

Sócmhainní an phlean:

Ba é an luach margaidh a bhain le scéimeanna na bpinsean ar 31 Nollaig ná:

	Luach margaidh ar 31 Nollaig 2006 €'000	Luach margaidh ar 31 Nollaig 2005 €'000
Cothromais	69,355	89,915
Bannaí	81,594	42,679
Maoin	5,178	4,834
Eile	784	691
Luach Iomlán Margaidh na Sócmhainní	**156,911**	**138,119**

Ba iad na rátaí aisíoca ionchais fadtéarmacha ar 31 Nollaig ná:

	Ráta Aisíoca Ionchais ar 31 Nollaig 2006	Ráta Aisíoca Ionchais ar 31 Nollaig 2005
Cothromais	7.50%	7.00%
Bannaí	4.00%	3.50%
Maoin	6.50%	6.50%
Eile	2.25%	2.25%

Ba iad na méideanna aitheanta ar an gClár Comhardaithe mar chuid de an Soláthair do Dhliteanais agus Muirir ná:

	31 Nollaig 2006 €'000	31 Nollaig 2005 €'000
Luach Iomlán Margaidh na Sócmhainní	156,911	138,119
Luach achtúireach an ndliteanas scéime	(233,800)	(210,850)
Easnamh Glan i scéim an phinsin	**(76,889)**	**(72,731)**
Sócmhainn iarchurtha cánach bainteach leis	9,611	9,091
Glandliteanas pinsin	**(67,278)**	**(63,640)**

Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais
ar lean

29 (b) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) 'Sochair Scoir' - ar lean

Boinn Tuisceana Déimeagrafacha:

Tugadh suas chun dáta na boinn tuisceana a bhaineann le mortlaíocht ón luacháil achtúireach deireanach a rinneadh ar na cistí. Is é an fadsaoil measta d'fhir agus mná a bhfuil 65 bliana slánaithe aige ná 20.3 bliain agus 23.2 bliain faoi seach. Is é tionchar an athraithe sa bonn tuisceana mortlaíochta ná caillteanas achtúireach de €24.1m aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Chaillteanas Iomlána Aitheanta.

Na boinn tuisceana déimeagrafacha eile agus a úsáidtear is ea na cinn chéanna a úsáidtear i luacháil achtúireach den chiste ar 1 Eanáir 2006.

Anailís ar na méideanna aitheanta sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais:

	2006 €'000	2005 €'000
Gearrtha ar an mBrabús Oibrithe		
Costas Seirbhíse Reatha	**1,929**	**1,573**
(Curtha chun sochair)/Gearrtha ar mhuirir airgeadais		
Aisíoc ionchais ar shócmhainní scéime pinsin	(8,492)	(6,650)
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	8,287	8,541
Maoiniú glan (ioncaim)/costais	**(205)**	**1,891**
Muirear Chuntas Brabúis agus Caillteanais Iomlán	**1,724**	**3,464**

Anailís na n-iomlán léirithe sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta (STRGL):

	2006 €'000	2005 €'000
Aisíoc iarbhír lúide aisíoc ionchais ar shócmhainní scéime:	(2,445)	19,713
Gnóthachain agus Caillteanais mar thoradh ar dhliteanais na scéime	(13,091)	(875)
Athruithe i mboinn tuisceana atá faoi bhun luach reatha na ndliteanas scéime	(8,900)	(14,910)
(Caillteanais)/Gnóthachan Achtúireach aitheanta san STRGL	**(24,436)**	**3,928**

29 (b) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) Neamhchosaintí 'Shochair Scoir' - ar lean

Déantar anailís ar an ngluaiseacht a bhaineann leis an easnamh sa scéim i rith na bliana mar seo a leanas:

	2006 €'000	2005 €'000
Dliteanas Tosaigh ar 1 Eanáir	72,731	93,429
Muirear an Chuntais Caillteanais agus Gnóthachain:		
- gnáthchostas pinsin	1,929	1,573
- maoiniú (ioncaim)/costais	(205)	1,891
Caillteanas/(gnóthachan) Achtúireach	24,436	(3,928)
Íocaíochtaí a thug an Chuideachta do phinsinéirí	(9,902)	(8,584)
Ranníocaíochtaí do chiste an phinsin:		
- rialta	(12,100)	(11,650)
Dliteanas Deiridh ar 31 Nollaig	**76,889**	**72,731**

D'aontaigh an Chuideachta gurb é an ranníocaíocht is lú a d'fhéadfadh a bheith i gceist don bhliain dár gcionn ná 86% de thuarastail inphinsin.

Stair na gnóthachan agus caillteanas don bhliain dár chríoch 31 Nollaig:

	2006	2005	2004	2003	2002
Difríocht idir an t-aisíoc iarbhír agus an t-aisíoc ionchais ar sócmhainní na scéime:					
Méid (€ m)	(2.4)	19.7	(1.6)	1.9	(9.6)
Ceatadán de shocmhainní na scéime	(1.6%)	14.3%	(1.6%)	2.9%	(19.2%)
Gnóthachain agus caillteanas ar dhliteanais na scéime:					
Méid (€ m)	(13.1)	(0.9)	(12.6)	1.7	(15.5)
Ceatadán luach reatha dhliteanais na scéime	(5.6%)	(0.4%)	(6.5%)	1.2%	(10.8%)
Gnóthachain agus caillteanais ar an mbonn túisceana seo a leanas:					
Méid (€ m)	(8.9)	(14.9)	(19.2)	(5.2)	(9.4)
Ceatadán luach reatha dhliteanais na scéime	(3.8%)	(7.1%)	(9.9%)	(3.5%)	(6.5%)

Méid iomlán aitheanta sa Ráiteas ar Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta:

Méid (€ m)	**(24.4)**	**3.9**	**(33.4)**	**(1.6)**	**(34.5)**
Ceatadán luach reatha dhliteanais na scéime	**(10.5%)**	**1.9%**	**(17.3%)**	**(1.1%)**	**(23.9%)**

Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais
ar lean

29. Pinsin (ar lean)

c) Maoiniú

Shocraigh an t-achtúire ar mhéid na ranníocaíochtaí don scéim ag úsáid mhodh na haoise ghnóthaithe agus tá sé i gceist ag an gCuideachta ranníocaíochtaí rialta a dhéanamh do na cistí riaraithe ag iontaobhaithe de réir na moltaí maoinithe seo. Is í aidhm na Cuideachta go mbeidh na scéimeanna maoinithe go hiomlán, agus go gcomhlíonfaidh siad an Caighdeán Cistíochta Íosta (MFS) de réir Alt 44 d'Acht na bPinsean 1990 agus Alt 41(3) den Acht Cuanta 1996 faoin "dáta cuí". Tomhasann an MFS measunú i dtearmaí ginearálta, an gclúdaíonn na sócmhainní carnacha na fiacha a bhaineann le baill ag glacadh leis gur cuireadh na scéimeanna i gcrích ag úsáid bunúis a bhí leagtha amach. Thug an tAire le fios, tar éis dul i gcomhairle leis an gCuideachta gurb é an "dáta cuí" a shásódh na scéimeanna an MFS ná 30 Aibreán 2008. Tá sé i gceist go gcinnteoidh ráta na ranníocaíochta a mhol na hachtúirí chun a chinntiú go n-éireoidh leis an gCuideachta an riachtanas maoinithe seo a bhaint amach. Tá soláthar déanta do na fiacha atá ag baint leis an réamh-Lá Dílseacháin maidir le hiarsheirbhís na bhfostaithe agus le pinsinéirí reatha agus phinsinéirí iarchurtha.

Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar 1 Eanáir 2007 le staid an mhaoinithe a mheas maidir leis an gCaighdeán Íos e. Taispeánann an t athbhreithniú seo gur laghdaigh an domhaoin faoin Chaighdeán Cistíochta Íosta ó €21.6m ag deireadh 2005 go €6.6m ag deireadh 2006. An toradh atá ar seo ná go nardaíonn an maoiniú ó 86% go 96%.

I gcásanna faoi leith, m.sh. nuair nach acmhainn don Chuideachta nó dá scéim phinsin riachtanais chiste an phinsin a chomhlíonadh ag an am cuí féadfaidh an tAire lompair faoi rialacha an Achta Cuanta íoc leis na hiontaobhaithe an méid sin a bhfuil sé ceadaithe don Aire socrú air de réir dliteanais na scéimeanna a bhaineann leis roimh 3 Márta 1997.

d) Luacháil Achtúireach

Is achtúire neamhspleách cáilithe a chuir an luacháil achtúireach is deireanaí ar 31 Eanáir d'aidhmeanna maoinithe i gcrích agus tá sé ar fáil do bhaill na scéime ach níl sé ar fáil don phobal. Is é an toradh a bhí ar an luacháil achtúireach d'aidhmeanna maoinithe ná easnamh ar chiste an phinsin de €32.3m.

Ba iad na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha ar glacadh leo sa luacháil seo ná gurb é an ráta bliantiúl aisíoca ar infheistithe réamh-scoir ná 55% in aghaidh na bliana agus an ráta bliantiúil aisíoca ar infheistithe iar-scoir ná 4.75% in aghaidh na bliana agus gurb é an meánmhéadú ar thuarastail ná 4.0% in aghaidh na bliana agus gurb é an méadú a bheadh ar phinsin ná 3.25% in aghaidh na bliana. Ba é luach an mhargaidh chothroim a bhí ar shóchmhainní na scéime ar 1 Eanair 2006 ná €138.1m agus dob é luach achtúireach na bhfiacha a bhain leis na scéimeanna ná €170.4m. Bhí sé seo bunaithe ar an luach reatha sócmhainní a bhí leagtha amach don phlean. Is é an toradh ar seo ar fad ná fiacha nach bhfuil maoinithe de €32.3m nuair a chuirtear i gcomparáid le luach achtúireach na sócmhainní é. Mhéadaigh an coibhneas maoinithe (sócmhainní: dliteanais) go dtí 81% of 65% ar an dáta luachála roimhe sin.

---

30. Imeachtaí tar éis an Chláir Chomhardaithe

I rith 2006 d'aontaigh Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath go ndíolfaidís i gcomhar le South Wharf plc ionad na mBuidéal Éireannach ag an Rinn. Bhí an díolachán ag brath go hiomlán ar aontú na hArd-Cúirte do shocraithe go mbeadh baint of South Wharf plc leo. Gan aontú na hArd-Cúirte ní chríochnófaí an conradh agus theipfeadh air. Rinne an tArd-Chúirt macnamh ar an bplean ar 15 Eanáir 2007 agus d'aontaigh sí leis an scéim. Mar gheall ar sin ní raibh aon choinníollacha ag baint leis an gconradh agus d'fhéadfaí é a chur i gcrích ar 29 Eanáir 2007. Ba é an méid a fuair Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath as an díolachán na €138,427,632 sular íocadh táillí profisiúnta agus Cáin Ghnóthachan Caipitiúil.

Bhí iasachtaí de €3,462,182 ag an gCuideachta a fuair siad ó chiste na nlasachtaí Áitiúla. Díoladh astu seo go hiomlán in Eanáir 2007.

Idir dáta eisithe an Chláir Chomhardaithe agus an dáta ar ar aontaigh an Bord ar an ráiteas airgeadais ní raibh aon ghá na ráitis airgeadais a athrú nó aon eolas eile a nochtadh mar gheall ar aon rud a tharla.

---

31. Aontú ar na ráiteas airgeadais

D'aontaigh na stiúrthóirí ar na ráitis airgeadais ar 29 Márta 2007.

Staitisticí an Chalafoirt

Tá na ráitis airgeadais a bhaineann leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2006 leagtha amach ar leathanaigh 24-44 chomh maith le figiúirí coibhneasta do 2005.

D'aidhmeanna comparáide tá na staitisticí neamh-achtúireacha a bhaineann le Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath do na blianta féilire 1997 – 2006 eisithe arís thíos.

	1997	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006
Sóithí – Teacht Isteach Iomlán	6,333	6,596	7,424	7,955	7,749	7,798	7,917	7,502	7,579	7,427
Tréchur ('000 tonna)										
RoRo	8,960	9,886	10,365	11,354	12,190	13,006	13,565	14,306	14,901	16,075
LoLo	3,846	4,166	4,356	4,446	4,170	4,304	4,685	5,202	5,811	6,778
Bulc Leachta	2,518	2,814	3,423	3,345	3,471	3,469	3,477	3,907	4,037	4,055
Bulc Solad	1,251	1,348	1,623	1,692	1,892	1,353	1,704	1,756	2,085	2,285
Briseadh an Bhuilc	220	276	219	162	153	112	109	87	89	73
	16,795	18,490	19,986	20,999	21,876	22,244	23,540	25,258	26,923	29,266
Aonaid RoRo ('000)	378	399	451	490	531	548	571	608	630	693
LoLo TEU's ('000)	381	424	442	444	435	456	496	541	590	681
Líon na bPaisinéirí ('000)	962	1,279	1,351	1,438	1,406	1,437	1,426	1,363	1,194	1,185

www.sourcedesign.ie

Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath,
Ionad an Phoirt,
Bóthar Alexandra,
Baile Átha Cliath 1.
Teil: 01 887 6000/ 855 0888
Facs: 01 855 1241

www.dublinport.ie